# Cáipéis eolais agus treoir don athbhreithniú ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta

Meán Fómhair 2025

# An Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ..... 1

CÚLRA AGUS COMHTHÉACS ..... 2

**Achoimre ar an gCuid ..... 6**

AN GHAEILGE SA CHURACLAM ..... 8

**An Ghaeilge sa tsraith shóisearach ..... 8**

**An Ghaeilge sa tsraith shinsearach ..... 8**

**An Ghaeilge i bhfócas ..... 9**
- Rannpháirtíocht an scoláire ..... 9
- Measúnú don teistiúchán ..... 9
- Léargas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora ..... 10
- **Léargas ó Thuarascálacha Cigireachta ..... 11**

**Achoimre ar an gCuid ..... 11**

LÉARGAS Ó CHUAIRTEANNA AR SCOILEANNA ..... 13

**Achoimre ar an gCuid ..... 16**

TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA SAN OIDEACHAS TEANGA DÚCHAIS I NDLÍNSÍ INA BHFUIL PRÓIFÍLÍ TEANGA COMHCHOSÚLA LENA BHFUIL LE FÁIL IN ÉIRINN ..... 18
- An Nua-Shéalainn ..... 18
- An Bhreatain Bheag ..... 21

**Achoimre ar an gCuid ..... 23**

CEISTEANNA A BHFUIL MACHNAMH LE DÉANAMH ORTHU ..... 25

**Béim níos láidre ar inniúlacht sa teanga labhartha ..... 25**

**Acmhainn phunann teanga an scoláire ..... 25**

**Litearthacht agus uimhearthacht ..... 25**

**Ról na litríochta agus téacsanna ..... 26**

**Breithniúchán ar chuir chuige i leith measúnú ..... 26**

**Leanúnachas agus dul chun cinn ..... 27**

**Acmhainn maidir le hailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) ..... 27**

**Achoimre ar an gCuid**......28

**TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR AN NGAEILGE**...... 30

**TAGAIRTÍ**...... 32

**AGUISÍN 1: PARAIMÉADAIR UILEGHABHÁLACHA LE HAGHAIDH CEAPADH SOCRUITHE MEASÚNAITHE I BHFORBAIRT NA SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I DTRÁINSE 4** ...... 37

# Réamhrá


Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir.
I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích faoi mar a leagtar amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus lena fhaomhadh ag an Aire.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh é sin i roinnt tráinsí. Áirítear an athfhorbairt ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta i dTráinse 4, a thabharfar chun críche in 2027 lena thabhairt isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2028.

Cuirtear i láthair sa cháipéis eolais agus treoir seo chomhthéacs don athbhreithniú ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Cuirtear tús leis an gcáipéis le machnamh ar chúlra Ghaeilge na hArdteistiméireachta i gCuid 1, agus dearcadh ar an gcomhthéacs reatha á chur i láthair, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí beartais ábhartha sa réimse seo. I gCuid 2 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear ar fhoghlaim na Gaeilge laistigh den churaclam faoi láthair, sula ndírítear ar bhealach níos mionsonraithe ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Tugtar achoimre i gCuid 3 ar na léargais a fuarthas le linn cuairteanna scoile agus trí fhíorthaithí scoileanna, múinteoirí, agus scoláirí. I gCuid 4 meastar deiseanna oideachais comhchosúla i dtíortha eile agus cuirtear forbhreathnú i láthair ar dhá dhlínse difriúla. I gCuid 5 baintear leas as na trí chuid roimhe sin chun roinnt saincheisteanna a chatagóiriú agus a phlé go hachomair, ar saincheisteanna iad a sainaithníodh lena mbreithniú in athfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta, roimh threoir bheartaithe a leagan amach ar deireadh le haghaidh na hoibre sin i gCuid 6, rud a threoróidh obair na meithle forbartha.

# Cúlra agus Comhthéacs

Leagtar amach sa chuid seo roinnt de na forbairtí suntasacha i réimse na Gaeilge (Fíor 1), sula ndírítear ar an tírdhreach oideachais agus beartais níos leithne is ábhartha don athbhreithniú agus athfhorbairt ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta (AT).




Fíor 1 Amlíne na bhforbairtí a bhaineann le Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí (1995-an lá atá inniu ann)

### Siollabas reatha Ghaeilge na hArdteistiméireachta agus leasuithe ar an mbéaltriail

Tugadh isteach siollabas reatha Ghaeilge na hArdteistiméireachta in 1995. Is iad aidhmeanna ginearálta an tsiollabais ná é a chur ar chumas na scoláirí, beag beann ar a máthairtheanga, inniúlacht iomlán a bhaint amach maidir leis na scileanna Gaeilge go léir, éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh san áireamh. Ina theannta sin, leis an siollabas féachtar le léargas a thabhairt ar an gcultúr Gaelach agus litríocht na Gaeilge, dearcadh dearfach a chothú i leith na teanga agus foghlaim teangacha i gcoitinne, agus féinmheas agus muinín na scoláirí a neartú trína bhféiniúlacht agus a n-oidhreacht chultúrtha agus iad á n-ullmhú le caidrimh shóisialta a fhorbairt go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Thug an tAire Oideachais leasuithe isteach (Ciorclán 0042/2007) maidir le leithdháileadh marcanna sa bhéaltriail ó 2012 i leith, rud a mhéadaigh ualú na béaltrialach go 40%, agus tugadh Siollabas Ghaeilge na hArdteistiméireachta nuashonraithe isteach in 2010 chun an t-athrú sin a chur san áireamh.

Choimisiúnaigh CNCM roinnt tuarascálacha taighde[1] le haon tionchair fhéideartha ar ghnóthachtáil na scoláirí, ar cháilíocht teanga, agus ar chuir chuige i leith teagaisc agus ullmhú don bhéaltriail a mheas mar thoradh ar an leasú a rinneadh ar ualú na béaltrialach in 2012 ar shiollabas Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Ní raibh fianaise shuntasach ná shoiléir sna tuarascálacha le tabhairt le fios gur tháinig athrú mór ar ghnóthachtáil na scoláirí ó 2012, nuair a rinneadh measúnú ar na hathruithe sin den chéad uair. Ó thaobh na dtorthaí scrúdaithe de, ní raibh aon fhianaise ann go raibh aon treocht shuntasach i gceist, aníos ná anuas, maidir le cáilíocht na teanga ná gnóthachtáil na scoláirí. Bhí tuilleadh taighde a rinne Ní Mhaonaigh (2013, 2017) ar aon fhocal leis na torthaí sin.

## Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

I ndiaidh an-chuid comhairliúcháin, forbraíodh sonraíochtaí idirdhealaithe T1 agus T2 don tSraith Shóisearach le haghaidh na Gaeilge agus tugadh isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2017 iad. Freastalaíonn sonraíocht T1 na Gaeilge ar riachtanais foghlama Gaeilge na scoláirí ar cainteoirí dúchais na Gaeilge iad agus ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna agus aonaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá sonraíocht T2 dírithe ar scoláirí a úsáideann an Ghaeilge mar dhara teanga, agus is i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla a mhúintear go príomha í. Leagtar amach mionsonraí breise faoi Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí sa chéad chuid eile.

## Aiseolas agus gníomhartha a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán maidir le dréachtsonraíochtaí curaclaim Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T1 agus T2)

I mí na Nollag 2018, chuir CNCM tús le forbairt sonraíochtaí idirdhealaithe T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta mar fhreagairt ar ghníomhartha a shonraítear i réimse beartas rialtais. Chuir CNCM tús le comhairliúchán poiblí maidir le dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 i rith 2021. Bhí sé mar aidhm aige aiseolas a bhailiú chun an curaclam molta a bheachtú. É sin ráite, tarraingíodh aird go minic san aiseolas ar fhadhbanna córasacha níos leithne nach dtagann faoi chúraimí CNCM, mar shampla ceisteanna maidir leis an múnla soláthair agus comhleanúnachas beartais. Dá bharr sin, chuir CNCM tuilleadh forbartha na sonraíochtaí ar sos, chun tuilleadh taighde a dhéanamh, lena n-áirítear ailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) a fhiosrú agus oideachas teanga i dtíortha eile a iniúchadh. Gníomh eile a rinne CNCM mar fhreagairt ar an aiseolas ón gcomhairliúchán ba ea athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm sonraíochtaí Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2), a tugadh isteach in 2017.

[1] Foilsíodh dhá thuarascáil - Tionchar Bhéaltriail Athbhreithnithe na Gaeilge ag Leibhéal na hArdteistiméireachta (Ó Curraoin et al, 2017) agus Léargas ar thaithí, ar dhearcthaí agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm in 2012 ar Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta (Nic Eoin, 2017). Mar thacaíocht bhreise, choimisiúnaigh CNCM páipéar plé mar fhreagairt ar an dá Thuarascáil Taighde de chuid CNCM (Ó Laoire, 2017) a théann i ngleic leis na príomhcheisteanna a bhaineann le curaclam agus le hobair ceaptha measúnaithe Ghaeilge na hArdteistiméireachta.

### Athbhreithniú ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí agus an t-athbhreithniú leantach

Rinne taighdeoirí ó DCU:SEALBHÚ athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath Ghaeilge (T1 agus T2) na Sraithe Sóisearaí idir mí Feabhra agus mí an Mheithimh 2022. Áirítear leis na láidreachtaí a sainaithníodh fáilte mhór roimh mhúnla idirdhealaithe an tsoláthair; an leibhéal roghanna agus rogha na dtéacsanna; tuiscint mhéadaithe ar úsáid na dtorthaí foghlama agus an tsolúbthacht a bhíonn i gceist leo; úsáid modheolaíochtaí foghlama gníomhaí; agus úsáid Gaeilge labhartha mar spreagadh maidir le foghlaim na scoláirí. Áirítear leis na dúshláin ar tarraingíodh aird orthu san aiseolas leibhéal na deacrachta laistigh den tsonraíocht T2 agus na deacrachtaí a bhí ag scoláirí ag na pointí aistrithe; róbhéim ar an litríocht agus forbairt an chumais teanga ó bhéal thíos leis; easpa béime ar an nGaeilge chomhráiteach sna comhpháirteanna measúnaithe. Mar sin féin, is fiú a lua nach raibh curaclam iomlán Gaeilge agus socrúcháin mheasúnaithe na Sraithe Sóisearaí déanta go fóill ag an gcéim sin ag cohórt scoláirí ar bith mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19.

Cuireadh athruithe ar leith i bhfeidhm ina dhiaidh sin trí Chiorclán 0015/2023, lenar leasaíodh líon na dtéacsanna ainmnithe, agus leasaíodh an réimse seánraí agus na comhpháirteanna measúnaithe. Faoi láthair tá foireann taighdeoirí ó DCU:SEALBHÚ i mbun athbhreithniú leantach (2023-2026) a dhéanamh ar chur i bhfeidhm luath na sonraíochtaí Gaeilge T1/T2 don tSraith Shóisearach. Foilsíodh an Chéad Tuarascáil Eatramhach faoin athbhreithniú leantach seo i mí na Bealtaine 2025.

Bhí aiseolas comhchoiteann idir an t-athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí agus an comhairliúchán maidir le dréachtsonraíochtaí Ghaeilge na hArdteistiméireachta in 2021, agus leagadh béim iontu araon ar an mian príomhchúram níos mó a dhéanamh d'fhorbairt na teanga ó bhéal mar aon le níos lú foghlaim de ghlanmheabhair sna measúnuithe.

### Curaclam Teanga na Bunscoile

Tá athruithe déanta le blianta beaga anuas sa churaclam Teanga ag leibhéal na Bunscoile freisin. Tá an struchtúr agus na snáitheanna céanna ag Curaclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2019) maidir leis an mBéarla agus leis an nGaeilge araon. Is curaclam comhtháite é ina ndéantar ceangail idir teangacha agus taobh istigh de theangacha agus ina bhféachtar le tacú le haistriú scileanna idir teangacha.

### Beartais agus straitéisí bainteacha

Ó tugadh isteach siollabas athbhreithnithe 2010 Ghaeilge na hArdteistiméireachta, tá athruithe suntasacha tagtha ar bheartais oideachais agus Ghaeilge araon. Leagtar amach roinnt beartas agus straitéisí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'athfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1: Beartais agus straitéisí ábhartha i gcomhthéacs Ghaeilge na hArdteistiméireachta**

| Beartas / Straitéis | Dáta | Sainréimse an athraithe agus impleachtaí don athbhreithniú ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta |
|---|---|---|
| Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 | 2010 | Tá sé mar aidhm aici úsáid agus eolas na Gaeilge mar theanga phobail a leathnú de réir a chéile. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Chuige sin, múinfear an Ghaeilge mar ábhar éigeantach ón mbunscoil go dtí an Ardteistiméireacht, agus cuirfear béim ar inniúlacht labhartha agus scríofa a fhorbairt agus ar léirthuiscint a fháil ar luach cultúrtha na teanga. Tacófar leis sin trí infheistíocht i bhforbairt múinteoirí, acmhainní, agus modhanna teagaisc nuálacha, le béim ar an nGaeilge mar theanga labhartha agus a measúnú nasctha le FTCE. |
| Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 | 2017 | Is é is aidhm dó tacú le húsáid na Gaeilge i bpobail Ghaeltachta agus í a chur chun cinn trína chinntiú go gcuirtear oideachas ardchaighdeáin ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta. |
| Díolúintí ó Staidéar na Gaeilge: Treoir d'Iarbhunscoileanna (meán an Bhéarla) | 2022 | Soláthraítear treoir maidir leis na cleachtais agus na nósanna imeachta a bhaineann le hiarratais ar dhíolúine ó staidéar na Gaeilge in iar-bhunscoileanna a phróiseáil. |
| Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ón mBreith go dtí an Luath-Aosacht (agus Plean Cur chun Feidhme go 2028) | 2024 | I measc na n-aidhmeanna tá acmhainní tacaíochta curaclaim a fhorbairt a thuilleadh ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile d'fhonn eispéiris na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge a fheabhsú. |
| Clár an Rialtais 2025: Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú | 2025 | Tá gealltanas tugtha ann go leanfar den tSraith Shinsearach a athfhorbairt agus de churaclaim teanga na Gaeilge a ailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE), ag gach leibhéal oideachais, chun feabhas a chur ar an nGaeilge labhartha ag leibhéal na bunscoile, na hiar-bhunscoile agus ag an tríú leibhéal. |
| Beartas faoin oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht | Á fhorbairt faoi láthair | Is iad na príomhchuspóirí ná oideachas ardchaighdeáin lán-Ghaeilge a chur chun cinn lasmuigh den Ghaeltacht trí sholáthar agus freastal a mhéadú maidir le scoileanna lán-Ghaeilge agus suíomhanna na luathfhoghlama, beartas a neartú le haghaidh aonaid lán-Ghaeilge i scoileanna Béarla, feabhas a chur a sholáthar foirne cáilithe, agus rannpháirteachas pobail a láidriú. |
| Is féidir liom, is féidir linn…Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge i scoileanna Béarla | 2025 (le dearbhú) | Is é is aidhm dó eispéireas na scoláirí a fheabhsú, agus iad ag foghlaim na Gaeilge i scoileanna Béarla, trí dhearcthaí dearfacha a chothú i leith na Gaeilge, cur le húsáid na Gaeilge agus trí chomhtháthú beartas, gníomhartha, struchtúr agus acmhainní a mheas |

Ag eascairt as an tiomantas i gClár an Rialtais atá leagtha amach thuas, le hathfhorbairt Gaeilge na hArdteistiméireachta mar chuid de Thráinse 4, cuirtear tús le próiseas céimnithe don obair i dtreo Gaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE.

Tá forbairt tagtha ar réimse na forbartha curaclaim ó bhí an comhairliúchán ann maidir le dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta. San áireamh leis sin, foilsíodh iniúchadh cuimsitheach ar thaighde agus cleachtadh ábhartha maidir le foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim chun cuidiú le heolas a dhéanamh don fhormáid is ceart a úsáid agus sonraíochtaí curaclaim á ndearadh don tsraith shinsearach. Cuireadh colún 'foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' leis an teimpléad d'fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim, chun cabhrú leis na torthaí foghlama a scafláil agus soiléire a thabhairt do mhúinteoirí agus do dhaoine eile.

Fágann na hathruithe leathana beartais sin go bhfuil athfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta tráthúil. Tugtar deis thábhachtach leo chun an curaclam a mhúnlú ionas go léiríonn agus go bhfreagraíonn sé do riachtanais na scoláirí, a bpobal agus na sochaí atá ag athrú ar bhealach níos leithne.

## Achoimre ar an gCuid

- Is é is aidhm do shiollabas reatha Ghaeilge na hArdteistiméireachta, a tugadh isteach in 1995, inniúlacht iomlán a bhaint amach i ngach scil teanga, léargas cultúrtha a chothú, agus muinín an scoláire a fhorbairt. In ainneoin an ardaithe shuntasaigh ar ualú na béaltrialach go 40% in 2012, de réir an taighde, ní raibh aon athrú suntasach ar ghnóthachtáil na scoláirí ná ar cháilíocht na teanga.

- Maidir le Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, tugadh sonraíochtaí idirdhealaithe T1 agus T2 isteach in 2017. Fáiltíodh san athbhreithniú ar léargas luath in 2022 roimh an múnla idirdhealaithe, na torthaí foghlama, agus na modheolaíochtaí gníomhacha, ach sainaithníodh dúshláin, mar shampla, leibhéal deacrachta shonraíocht T2 agus róbhéim ar an litríocht, a d'fhág go raibh an Ghaeilge chomhráiteach thíos leis. Rinneadh leasuithe mar thoradh air sin in 2023, agus rinneadh athbhreithniú ar théacsanna ainmnithe agus ar chomhpháirteanna an mheasúnaithe. Tá athbhreithniú leantach ar siúl faoi láthair.

- Cuireadh tús le pleananna le haghaidh sonraíochtaí idirdhealaithe T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteistiméireachta in 2018. Tarraingíodh aird air sa chomhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtsonraíochtaí in 2021 go bhfuil fadhbanna córasacha níos leithne ann agus cuireadh an phleanáil ar sos chun tuilleadh taighde a dhéanamh dá bharr sin.

- Snáithe coitianta ón gcomhairliúchán maidir le dréachtsonraíochtaí na hArdteistiméireachta agus ón aiseolas ar léargas luath ar an tSraith Shóisearach ba ea an mhian díriú níos mó ar an teanga ó bhéal a fhorbairt agus níos lú foghlaim de ghlanmheabhair sna measúnuithe.

- Tharla forbairtí suntasacha i mbeartais náisiúnta oideachais Ghaeilge le blianta beaga anuas. Is tráthúil an athfhorbairt ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta, mar gheall ar na hathruithe leathana beartais seo agus an fhorbairt curaclaim, lena dtugtar an deis an curaclam a chur in oiriúint chun dul in oiriúint do riachtanais na sochaí atá ag athrú.

# An Ghaeilge sa churaclam

Cuireann an chuid seo forléargas ar fáil ar na deiseanna foghlama a bhaineann leis an nGaeilge atá ar fáil do scoláirí faoi láthair laistigh de chláir na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon. Dírítear ansin ar na rátaí rannpháirtíochta i nGaeilge na hArdteistiméireachta, agus tugtar breac-chuntas ar roghnú an ábhair agus déantar plé ar an tuarascáil is déanaí ón bPríomhscrúdaitheoir/ar na tuarascálacha cigireachta ábhair is déanaí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)/ agus ón Roinn Oideachais/ agus ón Roinn Oideachais agus Óige (RO/ROÓ)

## An Ghaeilge sa tsraith shóisearach

Tugadh sonraíochtaí T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí le haghaidh na Gaeilge isteach sna scoileanna in 2017 d'fhonn tacú le scoláirí a dtuiscint ar an nGaeilge a fhorbairt, a neartú agus a dhaingniú. Cuirtear ar chumas na scoláirí cumarsáid éifeachtach, idirghníomhach, mhuiníneach a dhéanamh i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon i measc phobal na teanga tríd an bhfoghlaim a leagtar amach sna sonraíochtaí. Cuirtear béim ar chothú agus ar fhorbairt na feasachta: an fheasacht teanga, an fheasacht chultúrtha mar aon le féinfheasacht na scoláirí agus seilbh a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin mar fhoghlaimeoirí teanga. Maidir le Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, féachtar leis na scileanna a thugann na scoláirí isteach leo ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil a dhaingniú agus a fhorbairt a thuilleadh freisin.

Tugann scoláirí faoi dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRBanna): punann teanga agus tasc idirghníomhaithe ó bhéal. Leis an bpunann (MRB1), tacaítear le scoláirí maidir le spriocanna pearsanta a leagan síos, samplaí a roghnú, agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre féin—lena n-áirítear saothair chruthaitheacha agus taifeadtaí—chun an dul chun cinn atá déanta acu a thaispeáint. Maidir le MRB2, "Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge", ullmhaíonn na scoláirí píosa labhartha agus téann siad i mbun comhrá lena múinteoir agus, maidir leis na scoláirí in T1, téann siad i mbun comhrá lena gcomhscoláirí freisin, chun fíor-idirghníomhú labhartha a spreagadh agus muinín a chothú. Tugtar tús áite sna MRBanna seo do shaoirse maidir le topaicí agus formáidí a roghnú, rud a chothaíonn seilbh an scoláire ar an bhfoghlaim. Le chéile, tacaíonn siad le scoláirí scileanna teanga a dhaingniú, an fhéinfheasacht a spreagadh, agus eispéireas foghlama stuama a chinntiú.

## An Ghaeilge sa tsraith shinsearach

Tá deiseanna ag na scoláirí staidéar a dhéanamh ar ábhair agus ar mhodúil a bhaineann leis an nGaeilge ar feadh chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe (ATB) agus na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF). San Idirbhliain, tá méid mór féinrialach ag scoileanna maidir lena gclár féin a cheapadh.

Is é is aidhm do shiollabas reatha Ghaeilge na hArdteistiméireachta inniúlacht na scoláirí a fhorbairt i ngach gné den Ghaeilge, tuiscint a chothú ar chultúr agus ar litríocht na Gaeilge, agus meon dearfach a chothú i leith shealbhú na teanga, agus feabhas á chur ar fhéinmhuinín na scoláirí dá bharr sin, mar aon lena gcumas idirghníomhú go sóisialta as Gaeilge. Cuireann Ráiteas nua an Chláir Idirbhliana (2024) treoir ar fáil do scoileanna i dtaca leis an nGaeilge mar chroí-chomhpháirt. Tá deis ag scoláirí a thugann faoi chlár ATF plé leis an modúl An Ghaeilge Chumarsáideach, a

bhfuil sé mar aidhm aige cúrsa praiticiúil agus idirghníomhach Gaeilge a chur ar fáil do scoláirí laistigh den chlár.

## An Ghaeilge i bhfócas

Sa chuid seo fiosraítear rátaí rannpháirtíochta i nGaeilge na hArdteistiméireachta, bunaithe ar staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus tugtar forléargas ar an measúnú don teistiúchán agus léargas ó thuarascálacha CSS agus RO/ROÓ.

### Rannpháirtíocht an scoláire

Tá laghdú tagtha ar líon na scoláirí Ardteistiméireachta a thugann faoin nGaeilge ó 2021, i gcoibhneas leis an líon iarrthóirí Ardteistiméireachta gach bliain. Cúinse amháin is cúis leis an meath seo is ea líon suntasach na scoláirí a bhfuil díolúintí á lorg agus á bhfáil acu. Sa tábla thíos léirítear an luaineacht ar fud na leibhéal (an Bonnleibhéal, an Gnáthleibhéal, agus an tArdleibhéal) agus céatadán na scoláirí a thug faoi scrúduithe Ghaeilge na hArdteistiméireachta 2019-2025.

| Bliain | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal | Bonnleibhéal | Líon Iomlán na nIarrthóirí i nGaeilge na hArdteistiméireachta | Iarrthóirí Iomlána ATB | Iarrthóirí Ghaeilge na hArdteistiméireachta mar % de chohórt iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | 23,176 | 22,323 | 2,834 | 48,333 | 56,071 | 86.2% |
| 2020 | 24,725 | 23,546 | 1,462 | 49,733 | 57,668 | 86.24% |
| 2021 | 25,596 | 23,301 | 1,074 | 49,971 | 57,952 | 86.23% |
| 2022 | 24,441 | 23,520 | 1,933 | 49,894 | 58,056 | 85.94% |
| 2023 | 23,899 | 22,851 | 2,408 | 49,158 | 58,006 | 84.75% |
| 2024 | 23,649 | 21,414 | 2,081 | 47,144 | 56,791 | 83% |
| 2025 | 24,053 | 23,661 | 2,307 | 50,021 | 60,937 | 82.1% |

Tábla 1: Líon na scoláirí a rinne Gaeilge na hArdteistiméireachta ag ardleibhéal, gnáthleibhéal agus bonnleibhéal 2019-2025

### Measúnú don teistiúchán

Déantar measúnú ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta trí bhéaltriail agus scrúdú scríofa deiridh, ina bhfuil cluastuiscint, léamhthuiscint, píosa ceapadóireachta agus ceisteanna faoin litríocht (seachas an bonnleibhéal). Baintear idirdhealú amach sa mheasúnú trí scrúduithe ar thrí leibhéal – Bonnleibhéal, Gnáthleibhéal, agus Ardleibhéal.

Is mar seo a leagtar amach ualú na marcanna i leith na réimsí difriúla measúnaithe:

| | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal | Bonnleibhéal |
|---|---|---|---|
| Béaltriail | 240 marc (40%) | 240 marc (40%) | 240 marc (40%) |
| Cluastuiscint | 60 marc (10%) | 60 marc (10%) | 120 marc (20%) |
| Léamhthuiscint | 100 marc (16.7%) | 100 marc (16.7%) | 150 marc (25%) |
| Ceapadóireacht | 100 marc (16.7%) | 100 marc (16.7%) | 90 marc (15%) |
| Litríocht | 100 marc (16.7%) | 100 marc (16.7%) | N/B |

**Tábla 2: Ualú na marcanna i leith na réimsí difriúla measúnaithe.**

## Léargas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora

Sa Tuarascáil is deireanaí de chuid an Phríomhscrúdaitheora do Ghaeilge na hArdteistiméireachta a foilsíodh in 2017, tuairiscítear gur éirigh go maith le scoláirí ó thaobh na mbeannachtaí, léamh na filíochta, agus cur síos a dhéanamh ar shraitheanna pictiúir sa bhéaltriail, ag léiriú stór focal, foghraíocht agus gramadach láidir. É sin ráite, bhí dúshláin leanúnacha ann sa chomhrá spontáineach agus sa chur síos ar na sraith pictiúir, le stór focal teoranta agus earráidí gramadaí rialta, go háirithe ag leibhéil níos ísle. Bhí scileanna comhrá láidir trí chéile, ach is minic a bhí scoláirí ag streachailt le cur le topaicí nó ceisteanna a chur. Cé gur léirigh a lán scoláirí tuiscint mhaith agus cur in iúl muiníneach ag an mBonnleibhéal, bhí líon mór scoláirí ag streachailt le cumarsáid taobh amuigh de thopaicí bunúsacha agus bhí ar an scrúdaitheoir idirghabháil a dhéanamh.

Bhí feidhmiú na scoláirí sa chluastuiscint difriúil ar fud na leibhéal. Léirigh scoláirí Ardleibhéil tuiscint láidir, léirigh scoláirí Gnáthleibhéil go raibh tuiscint mhaith acu ar eolas ar leith ach go raibh deacrachtaí acu le focail cheisteacha, agus léirigh scoláirí Bonnleibhéil roinnt mhaith réimsí laige.

Luadh sa tuarascáil go raibh fadhbanna ann a tháinig aníos arís is arís eile, mar shampla fadhbanna le struchtúir bhunúsacha, aimsirí na mbriathra, agus tionchar an Bhéarla, a bhí le feiceáil sna measúnuithe ó bhéal agus scríofa araon. Léirigh scoláirí Ardleibhéil tuiscint agus stór focal maith sa cheapadóireacht, cé nár bhain cuid acu le hábhar an teidil agus go raibh ábhar réamhullmhaithe ina ghné choitianta, nár fíodh isteach i gceart uaireanta. De ghnáth bhí scoláirí Ardleibhéil ar fheabhas leis na ceisteanna tosaigh sa léamhthuiscint, agus iad ag lua sleachta go díreach as an téacs le marcanna arda a fháil. D'éirigh go maith le scoláirí Gnáthleibhéil sna léamhthuiscintí, ach chailleadar marcanna as téacs a chóipeáil díreach ó na dánta seachas é a chur ar bhealach eile mar a shonraíodh i gceisteanna áirithe. Bhí freagraí ar cheisteanna a bhain leis an litríocht sásúil den chuid ba mhó, ach bhí laigí teangeolaíocha, achoimre seachas anailís, earráidí gramadaí agus botúin rialta litrithe ann go minic. Léirigh scoláirí ag an mBonnleibhéal gnóthachtáil shásúil agus iad ag freagairt ceisteanna léamhthuisceana.

### Léargas ó Thuarascálacha Cigireachta

I dTuarascáil an Phríomhchigire Meán Fómhair 2016 - Nollaig 2020 tugtar faoi deara nach bhfuil cáilíocht theagasc na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna chomh láidir le cáilíocht theagasc na gcroí-ábhar, mar shampla an Béarla agus an Mhatamaitic, cé go bhfuil sí go maith i gcoitinne. Tarraingítear aird sa tuarascáil ar an ardú atá tagtha ar líon na scoláirí a thugann faoin Ardleibhéal sa Ghaeilge agus tiomantas láidir na múinteoirí, ach sainaithnítear go bhfuil gá ann le haghaidh deiseanna níos barántúla do scoláirí an Ghaeilge a úsáid, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Cé go mbíonn modheolaíochtaí gníomhacha ann, mar shampla obair ghrúpa, is minic a bhíonn easpa úsáid bharántúil teanga i gceist leo. I measc na moltaí, bhí feabhas a chur ar an idirdhealú chun dúshlán a chur roimh gach foghlaimeoir, barrfheabhas a chur ar an nGaeilge san Idirbhliain, feabhas a chur ar úsáid na teicneolaíochta digití, an measúnú agus an phleanáil a dhéanamh níos éifeachtaí, agus dúshlán a chur in oiriúint d'fhoghlaimeoirí níos inniúla. Tarraingítear aird sa léargas ginearálta ar thuarascálacha cigireachta a rinneadh le cúpla bliain anuas go bhfuil caidrimh dhearfacha idir an múinteoir agus an scoláire, agus moltar freisin gur gá díriú níos mó ar phleanáil chun freastal ar phróifílí foghlaimeora níos éagsúla; gan bheith ag brath an oiread céanna ar an mBéarla chun comhthéacsanna cumarsáideacha níos barántúla a chruthú, díriú níos mó ar an aiseolas foirmitheach agus ar dheiseanna feabhsaithe d'fhorbairt na teanga ó bhéal.

## Achoimre ar an gCuid

- Is é is aidhm do shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí (T1/T2), a tugadh isteach in 2017, tuiscint na scoláirí ar an nGaeilge a dhoimhniú, lena gceadaítear cumarsáid éifeachtach idirghníomhach i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon. Cothaítear feasacht teanga, feasacht chultúrtha, agus féinfheasacht na scoláirí mar fhoghlaimeoirí leis an gcuraclam. Tugann scoláirí faoi dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRBanna): punann teanga agus tasc idirghníomhaithe ó bhéal. Leis na MRBanna seo, cuirtear leagan síos spriocanna chun cinn, chomh maith le machnamh agus muinín, nuair a roghnaíonn an scoláire na topaicí agus na formáidí is mian leo féin, rud a spreagann fíor-idirghníomhú labhartha agus seilbh ar an bhfoghlaim.

- Le Gaeilge na Sraithe Sinsearaí cuirtear deiseanna foghlama ar fáil ar fud chláir na hArdteistiméireachta Bunaithe (ATB), na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) agus na hIdirbhliana (IB). San Idirbhliain, is croí-chomhpháirt í an Ghaeilge, agus cuirtear suas le dhá uair an chloig ar leataobh di in aghaidh na seachtaine. San Ardteistiméireacht Fheidhmeach, pléann scoláirí leis an modúl 'An Ghaeilge Chumarsáideach'.

- Tairgtear Gaeilge na hArdteistiméireachta ag an Ardleibhéal, an Gnáthleibhéal agus an Bonnleibhéal. Tháinig laghdú ar líon na scoláirí a thugann faoin scrúdú deiridh ó 2021, chuig 82% in 2025. Cúinse amháin is cúis leis an meath seo is ea líon suntasach na scoláirí a bhfuil díolúintí á lorg agus á bhfáil acu.

- Tá an measúnú ag gach leibhéal roinnte ina dhá chuid: Béaltriail (40% de na marcanna), agus Scrúdú Scríofa (lena gclúdaítear an léamhthuiscint, an cheapadóireacht, agus an litríocht), le struchtúir idirdhealaithe de réir an leibhéil. Ní dhéantar scoláirí Bonnleibhéil a mheas ó thaobh na litríochta de.

- I dTuarascáil an Phríomhscrúdaitheora 2017, tarraingítear aird air gur éirigh go maith leis na scoláirí sa bhéaltriail de ghnáth in úsáid beannachtaí tosaigh agus i léamh na filíochta, ach is minic a bhídís ag streachailt le comhrá spontáineach, stór focal teoranta agus earráidí gramadaí, go háirithe agus iad ag díriú ar thopaicí ar bhealach níos doimhne. Tugadh faoi deara laigí teanga coitianta, amhail fadhbanna le haimsirí na mbriathra agus comhréir an Bhéarla, ar fud measúnuithe ó bhéal agus scríofa.

- Tarraingítear aird i dtuarascáil an Phríomhchigire ar an gcaoi nach bhfuil teagasc na Gaeilge chomh láidir céanna le teagasc ábhar eile, ar nós an Bhéarla agus na Matamaitice. Tarraingítear aird sa léargas ginearálta ar thuarascálacha cigireachta a rinneadh le déanaí gur gá: tuilleadh deiseanna fíorshaoil a thabhairt do scoláirí an Ghaeilge a úsáid, lena n-áirítear teanga níos barántúla; níos mó úsáide a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, agus gan bheith ag brath an oiread céanna ar an mBéarla sa seomra ranga

# Léargas ó chuairteanna ar scoileanna

Eisíodh léiriú spéise (LS) chuig gach scoil i mí Mheán Fómhair 2024 agus thug CNCM sraith cuairteanna ar scoileanna i nDeireadh Fómhair agus i Samhain mar chuid den obair leanúnach i réimse Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh sampla ionadaíoch ó 99 scoil a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh san obair seo. Roghnaíodh ocht scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Le linn na gcuairteanna ar na scoileanna seo tionóladh cruinnithe fócasghrúpa le 73 (39 T1, 34 T2) scoláire sa tsraith shinsearach agus 46 (18 T1, 28 T2) múinteoir Gaeilge. Sa chuid seo a leanas cuirtear forléargas ar fáil ar an léargas a bailíodh le linn na gcuairteanna sin, léargas atá ábhartha d'athfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta mar chuid d'athfhorbairtí Thráinse 4 na sraithe sinsearaí.

### Éagsúlacht agus aistrithe na bhfoghlaimeoirí

Tarraingíodh aird ar éagsúlacht phróifíl na scoláirí atá ag foghlaim Gaeilge le linn na gcuairteanna scoile. D'aithin na múinteoirí fairsinge agus éagsúlacht na suíomhanna scoile inar féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge. Áirítear leo sin scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí, Aonaid agus Sruthanna. Ní labhraíonn gach scoláire i suíomhanna T1 an Ghaeilge sa bhaile nó sa phobal, agus is minic a aistríonn scoláirí idir suíomhanna T1 agus T2 ar fud céimeanna oideachais, lena gcruthaítear dúshláin aistrithe éagsúla.

Luaigh go leor múinteoirí i scoileanna T2 na deacrachtaí atá le sárú ag scoláirí nuair a bhogann siad ón mbunscoil go dtí an mheánscoil, maidir lena sealbhú teanga go dtí sin. Tugadh faoi deara go dtagann scoláirí isteach agus leibhéil dhifriúla cumais teanga sa Ghaeilge acu, rud a fhágann go mbíonn sé deacair bearnaí ar leith ina gcuid foghlama a shainaithint agus iad ag tabhairt faoin gcuraclam. Luaigh méid mór múinteoirí go dtéann gach scoláire isteach sa tsraith shinsearach le meascán difriúil de chumais teanga agus oscailteachta i leith foghlama. Tharraing roinnt múinteoirí aird ar na dúshláin iarmhartacha a bhaineann le hidirdhealú a dhéanamh maidir le hobair na scoláirí difriúla sa seomra ranga. Bhraith scoláirí i suíomhanna seomra ranga de chumas measctha gur thuig siad go maith an difríocht idir a n-inniúlacht teanga féin agus inniúlacht teanga a gcuid comhscoláirí.

### Téacsanna agus an curaclam teanga agus litríochta comhtháite

Aithníodh go forleathan go gcuidíonn téacsanna le stór teangeolaíoch na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt agus a leathnú, ach labhair múinteoirí amach go seasmhach faoin mbrú ama a bhaineann le teagasc an chúrsa. Bhí na scoláirí feasach go mór air sin freisin. Agus iad ag labhairt faoi théacsanna, luaigh idir mhúinteoirí agus scoláirí an tábhacht a bhaineann le taitneamh a bhaint as na téacsanna a ndéantar staidéar orthu. Ar an iomlán, chuir scoláirí in iúl gur scannáin, úrscéalta agus gearrscéalta is mó a thaitin leo. Trí théacsanna a úsáid, aithníodh freisin go gcabhraítear le scoláirí a gcuid stóir focal a leathnú agus go dtugtar deiseanna do mhúinteoirí chun rialacha gramadaí a thabhairt isteach, iad a phlé arís nó a athdhearbhú i gcomhthéacs. Luaigh roinnt múinteoirí go raibh díospóireachtaí sa rang mar thoradh ar théacsanna áirithe, agus gur tugadh tacaíocht agus spreagadh do sheisiúin oibre i ngrúpaí le téacsanna eile. I gcásanna inar úsáideadh gearrscannáin agus closleabhair, bhí múinteoirí an-sásta go raibh bealach eile acu chun téacsanna a 'léamh' agus scileanna éisteachta na scoláirí á bhfeabhsú ag an am céanna. Mar thoradh ar théacsanna áirithe, bhí plé ann ar chanúintí agus leaganacha malartacha atá uathúil do gach téacs. Mar sin féin, luaigh roinnt múinteoirí T1 go raibh easpa téacsanna agus closleabhar ann chun tacú

le canúintí aonair. Dúirt roinnt múinteoirí i suíomhanna T1 agus T2 araon go mbeadh sé tairbheach dá mbeadh méadú ar líon na gclosleabhar atá ar fáil.

I dtaca leis an bhfilíocht, labhair go leor scoláirí faoi aistriú na foghlama ó dhán go dán, m.sh. téamaí, íomhánna, mothúcháin agus teicnící fileata a shainaithint agus a phlé. Léirigh roinnt scoláirí spéis níos mó fáil amach faoi na filí féin. Cé go ndúirt roinnt acu go dtaitníonn an drámaíocht leo, cuireadh dúshláin roimh scoláirí eile le staidéar a dhéanamh ar dhrámaí, go háirithe nuair a rinneadh staidéar ar an dráma gan léiriú an dráma a fheiceáil.

Cé gur aithníodh go forleathan gur féidir ceangail a dhéanamh trí théacsanna leis an am atá thart agus lenár n-oidhreacht chultúrtha shaibhir, labhair go leor múinteoirí arís agus arís eile faoin tábhacht a bhaineann le téacsanna níos nua-aimseartha a áireamh ina bhfuil déagóirí agus daoine óga mar charachtair. Bhí sé sin ag teacht le haiseolas ó scoláirí freisin. Luaigh múinteoirí agus scoláirí araon go bhfiosraítear téamaí a shíleann siad a bheith dorcha agus gruama i roinnt de théacsanna reatha na hArdteistiméireachta agus gur mhian leo go mbeadh téamaí ann a bheadh níos baintí le déagóirí agus daoine óga. Bhí óráidí, míreanna nuachta agus podchraoltaí i measc na dtéacsanna a mhol múinteoirí lena meas amach anseo, ionas go mbeadh taithí ag scoláirí ar úsáid na teanga i suíomhanna dílse lena bhféadfaí rannpháirteachas agus inspreagadh a chothú.

Agus iad i mbun comhrá le scoláirí agus múinteoirí, thug aiseolas na bhfócasghrúpaí le fios go bhfuil raon leathan formáidí in úsáid faoi láthair le scoláirí a spreagadh agus dúshlán a chur rompu leis an teanga a úsáid, m.sh. blaganna, anailís ar théacsanna, gearrchuntais charachtair, léirmheasanna scannáin/leabhair, iontrálacha dialainne, cuir i láthair ó bhéal, gearrscéalta agus díospóireachtaí. Uaireanta labhair scoláirí faoi fhíseáin a chruthú agus fuaimthéacsanna a thaifeadadh.

Bhí roinnt bheag múinteoirí den tuairim nár cheart an litríocht a áireamh i dteagasc na Gaeilge agus labhair roinnt scoláirí faoin easpa litríochta i seomraí ranga na nuatheangacha iasachta. Léirigh roinnt scoláirí gurbh fhearr leo a gcuid tuairimí a roinnt faoi thopaicí a bhaineann leo nó faoi shaincheisteanna comhaimseartha sa tsochaí seachas inneachar píosa próis nó filíochta a phlé.

### Rogha, rannpháirteachas agus féinriail an fhoghlaimeora

Tá dhá rogha próis i gceist le siollabas Gaeilge reatha na sraithe sinsearaí ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal:

(1) Prós comónta ainmnithe

(2) Prós: Ábhar roghnach

Ar an gcaoi chéanna, tá dhá rogha filíochta i gceist le siollabas na sraithe sinsearaí:

(1) Filíocht chomónta ainmnithe

(2) Filíocht: Ábhar roghnach

Nuair a ceistíodh múinteoirí i ngach fócasghrúpa faoin gcúrsa roghnach ag leibhéal na sraithe sinsearaí, bhí siad den tuairim go raibh sé tábhachtach rogha eile a thabhairt ar an bprós agus ar an bhfilíocht ainmnithe. Mar sin féin, níor roghnaigh aon mhúinteoir sna fócasghrúpaí an cúrsa

roghnach a dhéanamh. Tharraing roinnt múinteoirí aird ar an ngá atá le rogha eile a bheith ann, go háirithe i mbliain acadúil ina dtugtar téacsanna ainmnithe nuashonraithe isteach. Leis an rogha sin, éascaítear scoláirí agus tugtar tacaíocht dóibh má chinneann siad, ar go leor cúiseanna difriúla, scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta a dhéanamh an athuair. Labhair múinteoirí eile faoi chomhghleacaithe a roghnaigh an cúrsa roghnach mar gheall ar shuimeanna agus riachtanais éagsúla a scoláirí. Aithníodh go bhfuil solúbthacht ag baint leis an gcúrsa roghnach d'iarrthóirí seachtracha agus lánfhásta freisin a dhéanann staidéar ar théacsanna le haghaidh scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta. Mheas roinnt múinteoirí go mbeadh sé úsáideach dá mbeadh liosta téacsanna ann don chúrsa roghnach.

### Obair ó bhéal agus forbairt an chumais teanga ó bhéal

I gcomhráite le múinteoirí faoi ról na dtéacsanna, tháinig topaic bhéaltriail na hArdteistiméireachta chun cinn go rialta. Dúirt go leor múinteoirí i bhfócasghrúpaí T2 go raibh sé deacair an t-am a fháil le haghaidh obair chainte mar gheall ar an am a chaitear ar théacsanna liteartha a léamh, a scagadh agus a anailísiú lena scoláirí. Rinne roinnt múinteoirí agus scoláirí ualú na marcanna a cheistiú maidir le prós agus filíocht i gcoibhneas leis an am a chaitear ag teagasc, ag foghlaim agus ag measúnú na gné seo den churaclam. Tríd is tríd, bhí scoláirí agus múinteoirí araon ar son ualú 40% a choinneáil le haghaidh na gné cainte den scrúdú.

Léirigh beagnach gach scoláire (cé acu i gcomhthéacsanna inarb í an Ghaeilge an teanga teagaisc agus chumarsáide ar fud an churaclaim nó ina mbíonn níos lú teagmhála idir na scoláirí agus an teanga, m.sh. ceacht 40 nóiméad amháin, cúig lá in aghaidh na seachtaine) gurbh fhearr leo go mbeadh níos mó deiseanna acu dul i mbun obair i ngrúpaí d'fhonn a n-inniúlacht sa teanga ó bhéal a neartú, féinmhuinín a fhorbairt agus líofacht a bhaint amach.

Dúirt formhór na múinteoirí go raibh sé deacair an t-am a fháil chun obair chainte an scoláire a mheasúnú ar bhonn aonair. Cé gur bhain scoláirí taitneamh as gníomhaíochtaí oibre grúpa, tuigeann múinteoirí nach mbíonn gach scoláire ag caint, fiú i suíomhanna grúpaí beaga. Chuir roinnt scoláirí in iúl go raibh imní orthu faoina gcuid inniúlachta chun comhrá neamhfhoirmiúil a bheith acu as Gaeilge, agus chuir roinnt scoláirí eile in iúl go raibh frustrachas orthu faoi fhoghlaim de ghlanmheabhair an ábhair. Is cosúil gur caitheadh an chuid is mó den am sa seomra ranga ar staidéar téacsanna, agus luaigh roinnt scoláirí nár díríodh ar obair chainte ach le linn théarma a dó sa séú bliain.

Labhair scoláirí agus múinteoirí araon go dearfach faoi leasuithe a rinneadh i ndiaidh na paindéime ar an mbéaltriail (laghdaíodh ar 20 sraith pictiúr go 10) agus d'éiligh go leor acu go leanfaí ar aghaidh le méid laghdaithe na sraitheanna pictiúr. Do roinnt scoláirí bhí baint ag na sraitheanna pictiúr le foghlaim de ghlanmheabhair seachas le comhrá nádúrtha faoi na heachtraí a léirítear sna híomhánna.

### Léamh agus cluastuiscint

Labhair roinnt scoláirí (T1 agus T2) faoi na dúshláin a bhaineann le hobair chluastuisceana, amhail easpa teagmháil laethúil leis an teanga agus gnéithe ar leith de chanúintí éagsúla. Chuir roinnt scoláirí a bhfrustrachas in iúl faoi chleachtaí cluastuisceana. Shíl roinnt acu gur labhair na cainteoirí róthapa agus luaigh daoine eile nár leor dhá dheis le gach gearrthóg fuaime a chloisteáil. Nuair a fiafraíodh de na scoláirí faoin teagmháil a bhíonn acu leis an nGaeilge lasmuigh den scoil, bhí éagsúlacht mhór sna freagraí. Cé go mbíonn roinnt scoláirí ag labhairt Gaeilge sa bhaile agus ina bpobal áitiúil, dúirt formhór na scoláirí i ngach fócasghrúpa nach labhraíonn siad Gaeilge lasmuigh

de chomhthéacs na scoile. Dúirt roinnt scoláirí go mbíonn siad ag éisteacht le stáisiúin raidió Ghaeilge sa bhaile nó sa charr. Féachann líon mór scoláirí ar ócáidí spóirt ar TG4, cé gur admhaigh cuid acu go mbíonn sé deacair ag amanna an tráchtaireacht agus na canúintí a thuiscint.

Cé gur shíl roinnt scoláirí go raibh inneachar na dtéacsanna léamhthuisceana suimiúil agus gur bealach úsáideach é le stór focal nua agus comhaimseartha a fhoghlaim, cheistigh scoláirí eile a luach. Dúirt roinnt scoláirí go raibh na cleachtaí léamhthuisceana cosúil le cuardach focal. Chuir scoláirí eile in iúl gur scrúdaíodh le ceisteanna 6(a) agus 6(b) (Ardleibhéal amháin, m.sh. ceisteanna gramadaí nó alt tuairimíochta) eolas agus scileanna sonracha, níos mó ná eolas a bhaint go simplí. Shíl roinnt scoláirí go mbeadh léamhthuiscint amháin leordhóthanach, toisc go mbíonn na scileanna céanna á gcur faoi scrúdú faoi dhó. Mar bhuille scoir, bhí roinnt scoláirí den tuairim gur thacaíocht úsáideach é íomhá a chur ar fáil in éineacht leis an léamhthuiscint.

## Achoimre ar an gCuid

- D'aithin na múinteoirí Gaeilge fairsinge agus éagsúlacht na suíomhanna scoile: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí, Aonaid agus Sruthanna. Tá éagsúlacht na gcomhthéacsanna ina cúis le raon éagsúil foghlaimeoirí Gaeilge.

- Aithníonn múinteoirí an tairbhe a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an litríocht agus na deiseanna a chruthaíonn téacsanna chun taithí a thabhairt do na scoláirí ar an teanga le hábhair éagsúla i réimse formáidí/seánraí, ach labhair múinteoirí go seasmhach freisin faoin mbrú ama a bhaineann le teagasc an chúrsa. Labhair go leor múinteoirí arís agus arís eile faoin tábhacht a bhaineann le téacsanna níos nua-aimseartha a áireamh ina bhfuil déagóirí agus daoine óga mar charachtair. Bhí óráidí, míreanna nuachta agus podchraoltaí i measc na dtéacsanna a moladh lena meas amach anseo, ionas go mbeadh taithí ag scoláirí ar úsáid na teanga i suíomhanna dílse lena bhféadfaí rannpháirteachas agus inspreagadh a chothú.

- Thug aiseolas na múinteoirí le fios gur féidir an ghné 'comhtháthú' sa 'churaclam comhtháthaithe teanga agus litríochta' a bheith ina dúshlán.

- Nuair a ceistíodh múinteoirí faoin gcúrsa roghnach ag leibhéal na sraithe sinsearaí, bhí siad den tuairim go raibh sé tábhachtach rogha eile a thabhairt ar an bprós agus ar an bhfilíocht ainmnithe chun tacú le rogha, rannpháirtíocht na scoláirí agus féinriail an fhoghlaimeora.

- Rinne roinnt múinteoirí agus scoláirí ualú na marcanna a cheistiú maidir le prós agus filíocht i gcoibhneas leis an am a chaitear ag teagasc, ag foghlaim agus ag measúnú na gné seo den churaclam.

- Aithníonn na scoláirí an luach a bhaineann lena scileanna teanga ó bhéal a fhorbairt, ach bíonn sé dúshlánach deiseanna rialta a aimsiú chun díriú ar an obair ó bhéal le linn ranganna. Bhraith na múinteoirí go raibh deiseanna don obair ó bhéal scoite amach ón obair eile go minic.

- D’aithin roinnt scoláirí gur chuir an léamhthuiscint deiseanna ar fáil lena stór focal a mhéadú, ach cheistigh scoláirí eile a luach agus luaigh siad go raibh siad cosúil le cleachtadh cuardaigh focal.

- Mheas roinnt scoláirí go raibh an obair chluastuisceana dúshlánach. Áirítear leis na cúiseanna leis sin a roinneadh le linn seisiúin fócasghrúpa an méid a leanas: luas na ngearrthóg fuaime, gearrthóga fuaime gan bheith á gcloisteáil ach faoi dhó, agus easpa taithí ar chanúintí éagsúla.

# Treochtaí idirnáisiúnta san oideachas teanga dúchais i ndlínsí ina bhfuil próifílí teanga comhchosúla lena bhfuil le fáil in Éirinn

Mar fhreagairt ar an aiseolas ón gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta, thug Comhairle CNCM tús áite don taighde breise lena fháil amach an cur chuige a ghlacann dlínsí eile ag a bhfuil próifíl teanga chomhchosúil le hÉirinn i leith an tsoláthair curaclaim le haghaidh teanga dhúchais is dara teanga. Rinneadh athbhreithniú sa taighde deisce ar dhoiciméid a bhí ar fáil go poiblí maidir leis an mbeartas chun na teangacha seo a leanas a mhúineadh agus a fhoghlaim:

- An Fhraincis i gCeanada
- An tSualainnis san Fhionlainn
- An Ghaeilge in Éirinn
- An Mháltais i Málta
- An Fhreaslainnis san Ísiltír
- An Mhaorais sa Nua-Shéalainn
- An Bhascais sa Spáinn
- An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag.

Agus úsáid á baint as líon damhán alla an churaclaim de chuid Jan van der Akker mar threoir, d'fhiosraigh an taighde an comhthéacs agus réasúnaíocht i leith mhúineadh na teanga dúchais; aidhmeanna, cuspóirí agus eagrú; áit na teanga sa churaclam; inneachar an churaclaim; measúnú; na creataí/tagarmharcanna atá i bhfeidhm; agus tosca cumasúcháin chun an teanga a mhúineadh agus a fhoghlaim (m.sh. oideolaíocht, ról an mhúinteora, ábhair agus acmhainní). Thug na torthaí tosaigh le fios go raibh roinnt cosúlachtaí ann idir Éirinn agus na dlínsí a liostaítear thuas.

D'iarr Comhairle CNCM grinnscrúdú breise ar dhá dhlínse, an Nua-Shéalainn agus an Bhreatain Bheag, agus sa chuid seo tugtar achoimre ar an soláthar curaclaim agus comhthéacs na gcuraclam sin sa dá dhlínse.

## An Nua-Shéalainn

Tugadh aitheantas don Mhaorais in Acht na Maoraise, 1987 (a bhfuil acht nua ina ionad anois) mar theanga oifigiúil sa Nua-Shéalainn, agus tugadh aitheantas oifigiúil san Acht Oideachais, 1989 (a bhfuil acht nua ina ionad anois) do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Maoraise. De réir an Achta Oideachais, ní mór do gach scoil céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun teagasc i ngnásanna Maoracha agus Maorais a thairiscint.

### Struchtúr an Churaclaim

Leagann Curaclam na Nua-Shéalainne béim ar bhunús déchultúrtha na tíre trína chinntiú go mbíonn deis ag na scoláirí ar fad Maorais a fhoghlaim. Tá trí phríomhchonair ann:

- Oideachas trí mheán na Maoraise: Tá breis is leath den teagasc i Maorais (leibhéil tumoideachais 1-2).

- Maorais trí mheán an Bhéarla: Múintear Maorais mar ábhar teanga, nó suas le leath den teagasc i Maorais (leibhéil tumoideachais 3-5).
- Gan aon chonair Mhaoraise: Foghlaimíonn scoláirí focail bhunúsacha nó ní fhaigheann siad aon teagasc Maoraise (leibhéal tumoideachais 6).

Maítear sna treoirlínte curaclaim do mhúineadh agus foghlaim na Maoraise i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, i dteannta na dtairbhí cultúrtha, sóisialta, cognaíocha, teangeolaíochta, eacnamaíocha agus pearsanta do scoláirí ó theanga eile a fhoghlaim, baineann buntáistí sonracha do scoláirí na Nua-Shéalainne le foghlaim na Maoraise. Áirítear leo sin go dtugtar dóibh le foghlaim na Maoraise rochtain ar shaol na Maorach agus ar dhearcthaí Maoracha i leith an tsaoil, agus go saibhreofar agus go leathnófar a dtuiscint ar uathúlacht agus castacht an bhéascna Mhaoraigh de réir mar a fhoghlaimíonn siad an teanga.

### An Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA)

Is é NCEA príomhcháilíocht thánaisteach na Nua-Shéalainne, a thairgtear ag Leibhéil 1 go 3, agus tá Leibhéal 3 riachtanach le haghaidh iontráil ollscoile. Saothraítear creidiúintí ach caighdeáin a bhaint amach a mheastar go hinmheánach agus go seachtrach araon.

### Croí-chomhpháirteanna

Ag Leibhéal 3 de NCEA (18 mbliana d'aois de ghnáth), is féidir le scoláirí rogha a dhéanamh as cúig Chaighdeán Gnóthachtála:

- Éisteacht (inmheánach, 4 chreidiúint)
- Labhairt (inmheánach, 6 chreidiúint)
- Léamh (seachtrach, 6 chreidiúint)
- Scríobh (seachtrach, 6 chreidiúint)
- Doiciméid úsáideacha a chruthú (inmheánach, 6 chreidiúint)

Forbraíonn na caighdeáin sin cúig scil idirnasctha: éisteacht, labhairt, léamh, scríobh agus feasacht chultúrtha. Baineann siad le ceithre "smaoineamh mhóra": cruinneas teanga, líofacht teanga, sláine chultúrtha, agus beogacht teanga.

### Maitrís Foghlama

Léiríonn an mhaitrís foghlama do Leibhéil 6-8 na hionchais sna ceithre smaoineamh mhóra, ag mapáil dul chun cinn do Bhlianta 10-13 (aoiseanna 14-18). Tá maitrís chomhchosúil ann le haghaidh foghlaimeoirí atá ag tabhairt faoin gcuraclam trí mheán na Maoraise. Tá maitrís chomhchosúil ann le haghaidh foghlaimeoirí atá ag tabhairt faoin gcuraclam trí mheán na Maoraise.
Is ann do chúig chuspóir gnóthachtála ar Leibhéal 8 don Mhaorais sa churaclam trí mheán an Bhéarla freisin.

- Cumarsáid a dhéanamh faoi chinnteacht agus faoi fhéidearthacht
- Argóintí a fhorbairt le cúiseanna tacaíochta
- Imeachtaí a insint ar mhaithe le cur ar an eolas, cur ina luí nó siamsa a dhéanamh
- Cumarsáid a dhéanamh le haghaidh spriocphobail éagsúla

- Freagairt do théacsanna faoi Mhaorais agus gnásanna na Maorach.

Ina theannta sin, ar Leibhéal 3 den NCEA, ba cheart go mbeadh scoláirí in ann a dtuiscint ar struchtúir ghramadaí agus ar fhoclóir agus an úsáid a bhaintear astu a léiriú ó suas go dtí Leibhéal 8 de churaclam na Maoraise agus Leibhéal 8 san áireamh.

### Scrúduithe Scríofa

Tá scrúduithe scríofa a mheasúnófar go seachtrach i gceist le dhá Chaighdeán Gnóthachtála:

- Léitheoireacht — Léamhthuiscint; ceisteanna i Maorais agus i mBéarla; ní mór freagraí a thabhairt i Maorais amháin anois.
- Scríbhneoireacht — Píosa amháin scríofa de 400 focal ar a laghad; rogha topaicí (m.sh. scéal, litir, aiste, straitéis); ní mór é a bheith scríofa i Maorais.

Tuairiscítear gráid mar 'Gan Ghnóthachtáil', 'Gnóthachtáil', 'Gnóthachtáil le Tuillteanas' nó 'Gnóthachtáil le Barr Feabhais'.

### Creataí

Tá caighdeáin NCEA nasctha le treoirlínte curaclaim maidir le teagasc agus foghlaim na Maoraise, a chuimsíonn Leibhéil 1–3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus Leibhéil 6–8 den churaclam. Soláthraíonn na caighdeáin sin leanúnachas agus dul chun cinn ach níl siad mapáilte le tagarmharc idirnáisiúnta seachtrach.

### Inniúlacht teanga labhartha

Faoi Leibhéal 8, ba cheart go mbeadh scoláirí in ann an Mhaorais a labhairt go líofa i gcomhthéacsanna éagsúla agus ar mhaithe le cuspóirí éagsúla (eolas a chur ar fáil, a chur ina luí, siamsa a dhéanamh). Díríonn an measúnú ar chaighdeán na cumarsáide, ar thuairimí ciallmhara, ar fhorbairt éifeachtach smaointe, ar ghnéithe teanga iomchuí, ar fhuaimniú nádúrtha, agus ar chur i láthair muiníneach (lena n-áirítear comharthaíocht choirp iomchuí).

| Leibhéal 6 | Leibhéal 7 | Leibhéal 8 |
|---|---|---|
| Smaointe agus tuairimí simplí a chur i láthair agus a chomhroinnt | Eolas a chur i láthair agus a chomhroinnt go mion | Idirghníomhaíochtaí casta a eagrú agus a choinneáil ag gabháil, ag oiriúnú do chásanna dothuartha |

### Úsáid na bPunann

Déantar measúnú ar thrí chaighdeán trí mheasúnú inmheánach modhnaithe, lena n-áirítear punanna oibre agus fianaise dhigiteach. Don Éisteacht, ní mór do scoláirí dhá thasc ar a laghad a chríochnú. Don Labhairt, tá dhá phíosa taifeadta ag teastáil a bhfuil cúig nóiméad ar a laghad iontu san iomlán. Do Dhoiciméid a Chruthú, ní mór dhá phíosa chumtha ar a laghad (600 focal ar a laghad le chéile) a chur isteach i gcineálacha éagsúla. Úsáidtear an obair go léir, lena n-áirítear pleananna, dréachtaí, agus aighneachtaí deiridh, ar mhaithe le measúnú agus modhnóireachta.

### Úsáid na dtéacsanna

Is féidir le téacsanna a bheith labhartha, scríofa, físiúil agus i measc na samplaí tá paidreacha, nathanna cainte, amhráin, seanfhocail, litreacha pearsanta agus gnó, gearrscéalta, tuairiscí nuachta, léirmheasanna, agus cur i láthair ilmheán. Spreagann an curaclam rannpháirteachas i raon

leathan téacsanna a bhaineann le pobail na Maorach agus le comhthéacsanna níos leithne, rud a thacaíonn le litearthacht agus tuiscint chultúrtha.

## An Bhreatain Bheag

Tá sé de cheart ag daoine óga sa Bhreatain Bheag oideachas a fháil a chothaíonn meas ar a gcultúr agus a thacaíonn leis an gceart teanga a muintire a fhoghlaim agus a úsáid. Ag brath ar an áit a bhfuil siad, féadfaidh foghlaimeoirí freastal ar scoileanna Breatnaise, Béarla, nó dátheangacha/démheánacha. Tá sé de dhualgas ar údaráis áitiúla plean Breatnaise san Oideachas a choinneáil, lena chinntiú gur féidir le gach páiste agus duine óg foghlaim trí mheán na Breatnaise agus go múintear an teanga ar ardchaighdeán.

### Curaclam na Breataine Bige agus Contanam Teanga

Cuireann Curaclam na Breataine Bige, a tugadh isteach ó Mheán Fómhair 2022, an Bhreatnais laistigh den réimse "Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid" den fhoghlaim agus den taithí. Nuálaíocht shuntasach is ea tabhairt isteach contanaim aonair do mhúineadh na Breatnaise, rud a chaithfidh gach scoil, bíodh sí ina scoil Bhreatnaise, dhátheangach nó Bhéarla, a chur i bhfeidhm sa tréimhse amach romhainn. Is é is aidhm dó foghlaim na Breatnaise a leabú ar fud an churaclaim.

I gcás scoláirí atá 17/18 mbliana d'aois sa mheánoideachas sinsearach, tá cáilíochtaí ar leith ann don Bhreatnais mar chéad agus mar dhara teanga: an tArd-Fhotheastas (AS) agus an tArdleibhéal (A-Leibhéal) sa Bhreatnais, agus AS/A-Leibhéil sa Bhreatnais mar Dhara Teanga. Is cúrsaí dhá bhliain iad sin, agus is gnách go dtugann scoláirí faoin gcáilíocht AS ag 17 mbliana d'aois agus bíonn sin mar 40% den A-Leibhéal iomlán. Tugtar faoi na A-leibhéil ag thart ar 18 mbliana d'aois agus aithnítear iad chun dul ar aghaidh chuig an ardoideachas.

### Cuspóirí Measúnaithe agus Struchtúr

Tá na A-Leibhéil sa Bhreatnais mar Chéad Teanga agus mar Dhara Teanga struchtúrtha timpeall ar thrí Chuspóir Measúnaithe (CManna):

- **CM1:** Úsáid na teanga labhartha
- **CM2:** Freagairt do théacsanna
- **CM3:** Teanga scríofa a úsáid

Tá an measúnú socraithe thar shé aonad (trí cinn ag AS, trí cinn ag A2), lena n-áirítear scrúduithe scríofa, béaltrialacha, agus measúnuithe nach scrúduithe. Tá measúnú sionoptach san áireamh i ngach aonad A2, ina mbíonn ar scoláirí tuiscint a léiriú ar naisc idir gnéithe éagsúla ábhair.

Áirítear leis na príomh-chomhpháirteanna measúnaithe an méid a leanas:

- Béaltrialacha (a chuimsíonn scannáin, drámaí, labharthacht, úrscéalta, agus freagairt phearsanta)
- Measúnuithe nach scrúduithe (píosaí scríofa fada, aistí, nó óráidí)
- Páipéir scríofa (úsáid teanga, filíocht, prós meánaoiseach, sochaí, trasteangú, léirthuiscint don litríocht)

Tá éagsúlacht in ualú gach aonaid, agus cuireann comhpháirteanna ó bhéal agus scríofa idir 10% agus 25% leis an gcáilíocht deiridh.

### Creat

Tá sprioc uaillmhianach leagtha síos faoi Acht na Breatnaise agus an Oideachais (an Bhreatain Bheag), 2025: faoi 2050, ba cheart go mbeadh gach scoláire atá ag imeacht ón oideachais reachtúil (16 bliana d'aois) in ann Breatnais a labhairt. Sonraítear leis an Acht, i gcomhréir le FTCE, leibhéil thagartha choiteanna i gcomhar le spriocanna foghlama Breatnaise do gach ceann de na trí chatagóir scoile mar a leanas:

| Catagóir scoile | Spriocanna foghlama na Breatnaise |
|---|---|
| Breatnais den Chuid is Mó | Úsáideoir inniúil Breatnaise (C1, C2) |
| Dhá theanga | Úsáideoir neamhspleách Breatnaise (B1, B2 ar a laghad, mar sprioc thosaigh) |
| Béarla den chuid is mó, Breatnais go páirteach | Úsáideoir bunúsach Breatnaise (A1, A2 ar a laghad, mar sprioc thosaigh) |

### Scileanna Labharthachta

I mbliain 1 agus i mbliain 2 (Aonaid 1 agus 4) araon, bítear ag súil go dtaispeánfaidh iarrthóirí an cumas an teanga a labhairt i gceart agus go hinniúil ach úsáid a bhaint as an tsainréim chuí; éisteacht le daoine eile go haireach; agus ceisteanna a chur, tuairimí a fhorbairt, idirghníomhú a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí. I mbliain 2, leis an measúnú sionoptach ceanglaítear ar scoláirí an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar na naisc idir na téacsanna éagsúla atá sa tsonraíocht a chur i bhfeidhm. Déanann scrúdaitheoirí seachtracha measúnú ar na béaltrialacha go léir agus tá siad struchtúrtha mar a leanas:

- I gcás na Breatnaise mar chéad teanga, deartar an bhéaltriail timpeall plé ar scannáin, drámaíocht agus úrscéalta. Déantar béaltrialacha i suíomhanna grúpa de thriúr scoláirí.
- I gcás na Breatnaise mar dhara teanga, is éard a chlúdaítear sa bhéaltriail plé faoi scannáin, drámaíocht agus téamaí ar nós na Breatnaise sa tsochaí agus na Breatnaise ar na meáin shóisialta. Déantar béaltrialacha i suíomhanna grúpa de thriúr scoláirí.

### Úsáid na bPunann

I mbliain 1, bíonn measúnú nach scrúdú (punann) san áireamh i gcúrsaí na chéad teanga agus an dara teanga araon:

- **An Bhreatnais mar chéad teanga:** Dhá phíosa scríofa fada (1000 - 2000 focal an ceann) i bhformáidí sonraithe (m.sh. gearrscéal, dialann, blag, aiste, óráid). Críochnaítear tasc amháin amhail is go bhfuil siad ag dul faoi scrúdú.
- **An Bhreatnais mar dhara teanga:** Trí phíosa fhada i bhformáidí éagsúla (m.sh. tuarascáil, scéal, blag, dialann), ina bhfuil 1500 - 2000 focal san iomlán. Críochnaítear píosa amháin faoi dhálaí speisialta, agus ceadaítear foclóirí agus ábhair thacaíochta a úsáid.

Déanann múinteoirí gach tasc punainne a mharcáil agus a mhodhnú go seachtrach chun comhsheasmhacht a chinntiú.

### Téacsanna a Úsáid

Cuimsíonn na sonraíochtaí do A-Leibhéil na Breatnaise mar chéad theanga agus mar dhara teanga raon leathan téacsanna liteartha, físiúla agus fíriciúla, lena n-áirítear drámaíocht, prós, filíocht, úrscéalta agus ábhair ilmheán. Táthar ag súil go léireoidh scoláirí anailís chriticiúil, freagairt phearsanta, agus an cumas faisnéis ó fhoinsí éagsúla a seiceáil in aghaidh a chéile agus a mheas.

- **An Bhreatnais mar chéad teanga:** Cuirtear béim ar anailís chriticiúil, ar léirthuiscint do théacsanna, agus ar fhreagairt phearsanta, lena n-áirítear ábhar nach bhfacthas agus meáin éagsúla.
- **An Bhreatnais mar dhara teanga:** Dírítear ar eolas ar théacsanna, léirthuiscint do sheánraí, freagairt chomhleanúnach sa chaint agus sa scríbhneoireacht, agus scileanna trasteangaithe.

Bíonn ar scoláirí, faoi Chuspóir Measúnaithe 2 (CM2) sa dá chúrsa, eolas a léiriú ar théacsanna sonracha, léirthuiscint a bheith acu do sheánraí éagsúla agus freagairt dóibh, agus a dtagairtí a chosaint le fianaise.

## Achoimre ar an gCuid

- Aithnítear sa dá dhlínse tairbhí cultúrtha, sóisialta, cognaíocha, teanga, eacnamaíocha agus pearsanta a bhíonn i ndán do scoláirí trí theanga eile a fhoghlaim.
- Tagann an fheasacht chultúrtha chun cinn leis na ceithre ‘smaoineamh mhóra’ sa Nua-Shéalainn, lena dtarraingítear aird ar an ngá le smaointeoireacht fhorásach maidir le hinbhuanaitheacht na teanga i bhfad na haimsire, trí dhul i mbun anailís chriticiúil ar athrú teanga agus trí straitéisí athbheochana teanga a chur chun feidhme lena chinntiú go leanfaidh an teanga de bheith faoi bhláth.
- Tá caighdeáin NCEA nasctha le treoirlínte curaclaim maidir le teagasc agus foghlaim na Maoraise, a chuimsíonn Leibhéil 1–3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus Leibhéil 6–8 den churaclam. Soláthraíonn na caighdeáin sin leanúnachas agus dul chun cinn ach níl siad mapáilte le tagarmharc idirnáisiúnta seachtrach. Sonraítear le hAcht na Breatnaise agus an Oideachais (an Bhreatain Bheag), 2025, i gcomhréir le FTCE, leibhéil thagartha choiteanna i gcomhar le spriocanna foghlama Breatnaise do gach ceann de na trí chatagóir scoile.
- Áirítear i measc na gcroí-chomhpháirteanna i gcuraclam meánscoile sinsearaí na Breataine Bige staidéar ar théacsanna amhail scannáin, drámaí, dánta, gearrscéalta agus úrscéalta. Is féidir téacsanna a bheith liteartha, físiúil agus fíriciúil. Sa Nua-Shéalainn is féidir le téacsanna a bheith labhartha, scríofa, físiúil agus i measc na samplaí tá paidreacha, nathanna cainte, amhráin, seanfhocail, litreacha pearsanta agus gnó, gearrscéalta, tuairiscí nuachta, léirmheasanna, agus cur i láthair ilmheán.

- Cuireann an curaclam Breatnaise measúnú sionoptach chun cinn le measúnú a dhéanamh ar thuiscint na scoláirí ar na naisc idir na gnéithe difriúla d'ábhar. Sna béaltrialacha cíortar ábhair ar nós na Breatnaise sa tsochaí agus na Breatnaise ar na meáin shóisialta. Chomh maith leis sin, pléitear téacsanna a ndéantar staidéar orthu sa rang, amhail scannáin agus úrscéalta. Sa Bhreatain Bheag déantar béaltrialacha i suíomhanna grúpa agus déantar iad a mheasúnú go seachtrach. Sa Nua-Shéalainn déantar inniúlacht ó bhéal a mheasúnú go hinmheánach agus iarrtar ar scoláirí ábhar closamhairc a thaifeadadh, bunaithe ar thopaicí atá lasmuigh dá dtaithí phearsanta féin.

- Tá curaclaim chomhtháite teanga agus litríochta ann sa Nua-Shéalainn agus sa Bhreatain Bheag araon.

- Tá punanna ina ngné den oideachas meánscoile sinsearaí sa dá dhlínse. Sonraítear formáidí agus roinntear líonta focal. Agus iad ag cruthú saothar dá bpunanna, cuirtear de chúram ar na scoláirí a n-úsáid teanga a léiriú i gcomhthéacsanna difriúla agus le haghaidh raon leathan cuspóirí.

- Tá an trasteangú ina chuid den phróiseas measúnaithe sa dá dhlínse (m.sh. cruthaíonn scoláirí freagairt scríofa i mBreatnais nó i Maorais ar alt Béarla).

# Ceisteanna a bhfuil Machnamh le Déanamh Orthu

Leagtar amach roinnt ceisteanna sa chuid seo a bhfuil machnamh le déanamh orthu maidir le hathfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Tagann siad seo chun cinn ó nádúr an ábhair é féin, chomh maith le húsáid a bhaint as téamaí a thagann chun cinn ó na codanna roimhe seo sa cháipéis eolais seo agus an comhthéacs reatha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta.

## Béim níos láidre ar inniúlacht sa teanga labhartha

Léiríonn na codanna roimhe seo den pháipéar seo mian láidir agus comhsheasmhach chun béim níos mó a chur ar inniúlacht sa teanga labhartha a fhorbairt agus an spleáchas ar straitéisí foghlama de ghlanmheabhair a laghdú. Cuimsítear leis an inniúlacht sa teanga labhartha idirghníomhú cainte, idirghníomhaíocht agus tuiscint ó bhéal, agus nuair a chuirtear iad sin i gcomhar le scileanna idirghabhála, ullmhaítear scoláirí le haghaidh rannpháirtíocht i gcásanna fíorshaoil. D'fhéadfadh béim athnuaite a chur ar an teanga ó bhéal i bhforbairt shonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta le feabhas a chur ar fhorbairt inniúlacht an scoláire i scileanna scríofa, éisteachta agus léitheoireachta freisin.

D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh sonraíocht athfhorbartha na hArdteistiméireachta cur le forbairt na teanga ó bhéal sa tsraith shóisearach ina bhfuil béim ar fhéinmhuinín na scoláirí a fhorbairt. D'fhéadfadh sé go mbeadh an fhoghlaim atá déanta i ndlínsí eile ina cuidiú chun forbairtí sa réimse seo a threorú freisin. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar an gcaoi a bhféadfadh na torthaí foghlama laistigh den tsonraíocht cur ar chumas na scoláirí dul i ngleic le topaicí comhaimseartha agus le cásanna fíorshaoil, rud a d'fhéadfadh cabhrú le dul i ngleic le hábhair imní a sainaithníodh maidir le heaspa cumarsáid spontáineach agus fadhbanna le sealbhú stóir focal.

## Acmhainn phunann teanga an scoláire

Mar a luadh sa pháipéar seo, d'fhéadfaí rannpháirtíocht agus úinéireacht scoláirí ar an bhfoghlaim a spreagadh trí úsáid a bhaint as punann teanga. Trí úsáid a bhaint as punann oibre, d'fhéadfadh scoláirí a bhforbairt teanga féin a rianú agus machnamh a dhéanamh uirthi agus formáidí éagsúla úsáide agus cur i bhfeidhm teanga a thaispeáint. D'fhéadfadh an cur chuige seo a bheith ina chuidiú le forbairt agus cur chun feidhme scileanna teanga agus tuiscintí cultúrtha i suíomhanna éagsúla agus chun críoch éagsúil, agus a bhfeasacht teanga agus a bhfoghlaim phearsanta teanga á neartú ag an am céanna. Is féidir an fiosrú a dhéantar ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag punann teanga ar eispéireas na scoláirí atá ag foghlaim na Gaeilge a bheith mar chuid den phlé ar fhorbairt na sonraíochta.

## Litearthacht agus uimhearthacht

Is cuid thábhachtach den fhorbairt ar churaclam teanga iad an litearthacht agus an uimhearthacht. Cothaíonn siad cumas na scoláirí idirghníomhú leis an teanga i réimse formáidí, cuidíonn siad le cumarsáid agus tuiscint éifeachtach a fhorbairt sa teanga labhartha agus scríofa araon agus is féidir leo cabhrú le gramadach agus struchtúr na teanga a thuiscint. Mar a léiríodh i gcuid 2 thuas, d'fhéadfadh roinnt scoláirí deacrachtaí a bheith acu le gramadach, litriú agus comhréir bhunúsach.

D'fhéadfaí fiosrú a dhéanamh ar conas aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní seo agus sonraíocht nua á forbairt.

Tá sé mar aidhm ag an siollabas reatha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta scileanna teanga, scileanna labhartha agus scileanna anailíse criticiúla na scoláirí ar fad a fhorbairt de réir a gcumais. Mar sin féin, de réir mar a théann scoláirí ar aghaidh mar fhoghlaimeoirí teanga agus sa saol, beidh réimse litearthachtaí ag teastáil uathu, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach, litearthacht sna meáin, litearthacht chriticiúil agus litearthacht chultúrtha. Beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh dearadh na sonraíochta tacú le forbairt raon litearthachtaí.

## Ról na litríochta agus téacsanna

Tá luach ag baint le téacsanna liteartha mar gheall ar na deiseanna a chuireann siad ar fáil scoláirí a nochtadh don Ghaeilge trí ábhair éagsúla, i réimse formáidí, agus trí sheánraí difriúla. Tá deis ann le sonraíocht athfhorbartha le hathbhreithniú a dhéanamh ar ról na dtéacsanna laistigh den churaclam. Cé go mbítear den tuairim go minic gur féidir leis an róbhéim atá á cur ar litríocht faoi láthair dochar a dhéanamh d'fhorbairt na teanga ó bhéal, d'fhéadfaí machnamh cúramach a dhéanamh i sonraíocht nua ar chineál agus ar fhormáid na dtéacsanna a bhfuil staidéar le déanamh orthu, ag díriú ar fhiosrú a dhéanamh ar ábhar atá ábhartha agus fiúntach do scoláirí. Tá an cur chuige sin ag teacht le curaclaim i ndlínsí eile, áit a mbíonn scoláirí ag plé leis an teanga trí réimse téacsanna a d'fhéadfadh a bheith liteartha, físiúil, digiteach nó fíriciúil. Trí théacsanna a mheas sa chiall is leithne den fhocal, agus le samhail an téacs ainmnithe, d'fhéadfaí rannpháirtíocht na scoláirí a spreagadh agus a mhéadú. D'fhéadfaí na critéir maidir le roghnú téacsanna agus an ráta athraithe, seánraí téacsanna, líon na dtéacsanna a ndéantar staidéar orthu, agus ról féideartha na dtéacsanna aistrithe a áireamh i measc na réimsí lena bhfiosrú. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar an tábhacht a bhaineann le roghanna malartacha a thairiscint amhail *Prós agus Filíocht Roghnach* chun rogha agus rannpháirtíocht na scoláirí a chothú.

## Breithniúchán ar chuir chuige i leith measúnú

Is gné bhunúsach den fhoghlaim teanga é an measúnú toisc go gcabhraíonn sé le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí agus go dtugann sé léargas do scoláirí ar a gcumas teanga pearsanta féin. D'fhéadfadh deis a bheith ann díriú níos mó ar mheasúnú foirmitheach agus ar fhéinmhachnamh na scoláirí dá gcuirfí béim ar fheasacht teanga i ndearadh an churaclaim. Rinneadh go leor plé i gcodanna níos luaithe den pháipéar seo maidir le héifeacht iarmharta measúnaithe sheachtraigh ar eispéireas foghlama na scoláirí. Ach curaclam a fhorbairt a sholáthraíonn deiseanna le haghaidh eispéiris foghlama bharántúla a ligeann do scoláirí a gcuid scileanna teanga a chur i bhfeidhm i gcásanna fíorshaoil, d'fhéadfaí cabhrú le dul i ngleic leis an éifeacht iarmharta sin agus bunús a sholáthar do chuir chuige níos ábhartha agus níos scoláire-lárnaithe i leith measúnú.

Tugann an athfhorbairt seo deis freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhpháirt measúnaithe ó bhéal agus réimse cur chuige a fhiosrú chun bogadh ar shiúl ón bhfoghlaim de ghlanmheabhair. D'fhéadfadh sé go gcuideofaí le cur chuige nua a fhorbairt dá ndéanfaí machnamh ar an gcaoi a bhféadfaí idirghníomhú cainte, idirghníomhaíocht agus tuiscint ó bhéal a chomhcheangal chomh maith le scileanna idirghabhála. D'fhéadfadh na socruithe measúnaithe, á dtreorú ag na paraiméadair atá leagtha amach in Aguisín 1, forbairt chumas agus mhuinín na scoláirí ar fad chun

páirt a ghlacadh i gcomhrá spontáineach a chur chun cinn, rud a bheidh éagsúil ó scoláire go scoláire.

Chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir leis an measúnú scartha ar scileanna teanga, féadfar machnamh a dhéanamh ar mheasúnú sionoptach. Tugann cuir chuige shionoptacha i leith measúnú i bhfoghlaim teanga, mar a fheictear i ndlínsí eile, deis chun forbairt teanga agus rannpháirtíocht scoláirí le teanga a mheas i réimsí éagsúla den churaclam. Leis sin is féidir tacú le scoláirí gnéithe éagsúla den fhoghlaim teanga a nascadh agus pictiúr níos saibhre a sholáthar ar fhoghlaim teanga na scoláirí.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Tuairiscíonn scoileanna go bhfuil bainistiú a dhéanamh ar inniúlachtaí éagsúla na scoláirí atá ag aistriú ón mbunscoil go dtí an tsraith shóisearach agus ar aghaidh go dtí an tsraith shinsearach ar cheann de na dúshláin is mó do mhúinteoirí Gaeilge, rud a mbíonn tionchar aige ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa seomra ranga Gaeilge. Chun na dúshláin sin a shárú, ba cheart go gcuirfí comhleanúnachas agus leanúnachas san áireamh agus sonraíocht nua á forbairt do Ghaeilge na hArdteistiméireachta, go háirithe i bhfianaise an tsoláthair idirdhealaithe (T1 agus T2) sa tsraith shóisearach. D’fhéadfaí tacú leis sin trí ailíniú le FTCE, rud a ndéantar fiosrú breise air thíos.

## Acmhainn maidir le hailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)

Tá gealltanas tugtha i gClár an Rialtais 2025 go n-oibreofar i dtreo curaclaim na Gaeilge a ailíniú le FTCE ag gach leibhéal oideachais chun feabhas a chur ar an nGaeilge labhartha ag leibhéal na bunscoile, na hiar-bhunscoile agus ag an tríú leibhéal.

Is féidir le FTCE cabhrú chun tacú le hathfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta toisc go leagann sé amach leibhéil inniúlachta teanga ó A1 (tosaitheoirí) go C2 (líofa). Go ginearálta, is féidir le foghlaimeoirí teanga cumarsáid a dhéanamh chun críoch ginearálta ag an leibhéal B1 uachtarach, agus díríonn leibhéal B2 – C2 ar úsáid teanga atá ag éirí níos speisialaithe. Trí cheistiú a dhéanamh ar na leibhéil laistigh de FTCE, is féidir cabhrú le forbairt curaclaim a threorú lena gcuirtear san áireamh dul chun cinn an scoláire ón tsraith shóisearach. Is féidir le hailíniú le FTCE tacú le scoláirí a n-inniúlacht teanga féin a thuiscint agus cabhrú le láidreachtaí agus réimsí feabhsúcháin araon a shainaithint.

Is féidir le curaclam atá ailínithe le FTCE soiléireacht fheabhsaithe a sholáthar agus tacú le múinteoirí agus iad ag úsáid torthaí foghlama chun pleanáil a dhéanamh do chuir chuige theagaisc, foghlama agus mheasúnaithe le leibhéal iomchuí dúshláin a thabhairt ar fud na scileanna teanga ar fad do scoláirí. D’fhéadfadh na tuairisceoirí mionsonraithe atá leagtha amach in FTCE tacú le hidirdhealú chomh maith, rud a sainaithníodh mar dhúshlán i seomraí ranga Ghaeilge na sraithe sinsearaí. Cuireann an cur chuige dírithe ar ghníomh a leagtar amach in FTCE inniúlacht chumarsáide agus rannpháirtíocht chultúrtha chun cinn san fhíorshaol, agus leis sin d’fhéadfaí cabhrú leis an bhfoghlaim atá leagtha amach sa tsonraíocht a cheangal le heispéiris phearsanta na scoláirí, rud a fhágann go mbíonn an teanga níos ábhartha dá saol laethúil. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le hábhair imní a mhaolú maidir leis an bhfócas atá ar fhoghlaim bunaithe ar scrúduithe faoi láthair.

Mar a luadh níos luaithe sa cháipéis eolais seo, déanfar forbairt na sonraíochta curaclaim seo eilimintí ábhartha den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach a shainaithint (FTCE) agus a Imleabhar Bhreise (FTCE IB) ar féidir leo tús a chur leis an bpróiseas oibre i dtreo curaclam Ghaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é seo an chéad cheann de go leor céimeanna a theastaíonn chun freagairt go hiomlán don tiomantas atá leagtha amach sa Chlár um Rialtas 2025. Beidh páipéir pheirspictíochta, arna gcoimisiúnú ag CNCM le déanaí, ar ailíniú Ghaeilge na hArdteistiméireachta le FTCE ina dtaca úsáideach sa chomhthéacs sin.

## Achoimre ar an gCuid

- Tugann sonraíocht nua deis chun gach gné den teanga chumarsáideach a fheabhsú go suntasach, trí scoláirí a chumasú a gcuid foghlama teanga a chur i bhfeidhm i gcásanna fíorshaoil, chun fíorlíofacht, muinín agus cumarsáid spontáineach a chothú.
- D'fhéadfadh comhtháthú phunann teanga an scoláire cabhrú le húinéireacht agus rannpháirtíocht na scoláirí i bhfoghlaim teanga a fheabhsú.
- Is gnéithe tábhachtacha den fhoghlaim teanga iad litearthachtaí agus uimhearthacht agus beidh gá le machnamh a dhéanamh ar an raon litearthachtaí a theastaíonn ó scoláirí mar fhoghlaimeoirí teanga agus mar shaoránaigh i sochaí níos leithne.
- Tá deis ann athbhreithniú a dhéanamh ar ról na dtéacsanna, agus formáidí níos comhaimseartha, níos tarraingtí agus níos éagsúla a chuimsiú chun ábharthacht a chinntiú agus chun tacú le foghlaim teanga agus machnamh a dhéanamh ar shamhail na treorach ag an am céanna.
- Tugann athfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta deis chun machnamh a dhéanamh ar ról an mheasúnaithe, idir fhoirmiúil agus shuimitheach, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh dearadh an churaclaim bunús a sholáthar do chur chuige ábhartha agus scoláire-lárnaithe i leith an mheasúnaithe, lena n-áirítear machnamh ar an gcomhpháirt mheasúnaithe ó bhéal.
- Beidh gá ann mar chuid d'athfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta an t-aistriú ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach agus deiseanna chun dul chun cinn a dhéanamh a chur san áireamh.

- Is tosaíocht rialtais é curaclaim na Gaeilge ag gach leibhéal oideachais a ailíniú le FTCE chun feabhas a chur ar an nGaeilge labhartha agus cuirfear an athfhorbairt seo tús leis an ailíniú leis an FTCE. Bheadh FTCE ina thaca úsáideach chun forbairt curaclaim a threorú, lena n-áirítear na leibhéil inniúlachta, na tuairisceoirí, agus an bhéim ar chur chuige atá dírithe ar ghníomh.

# Treoir don athbhreithniú ar an nGaeilge

Bhunaigh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoin tasc a bhaineann le sonraíocht churaclaim a athfhorbairt le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, tá obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach, arna haontú ag Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus ag an gComhairle, leagtha amach thíos.

Dearadh an treoir seo le bheith ina bunús le sonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta a athfhorbairt. Cé go n-eascraíonn an treoir ón bpríomhléargas agus ó na príomh-shaincheisteanna atá le meas agus a sainaithníodh sna codanna roimhe seo den pháipéar seo, treoraítear í freisin leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí d'ábhair uile Thráinse 4 (Aguisín 1).

Beidh an tsonraíocht scoláire-lárnaithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Beidh múnla an tsoláthair i gcomhréir le soláthar curaclaim reatha na sraithe sinsearaí. Dearfar an tsonraíocht seo lena múineadh agus lena measúnú laistigh de 180 uair an chloig ar a laghad agus déanfar í a mheasúnú ag an Ardleibhéal, ag an nGnáthleibhéal, agus ag an mBonnleibhéal.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad, atá comhaontaithe ag an gComhairle, le haghaidh sonraíochtaí curaclaim mar a leagtar amach in *Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha* (CNCM, 2023). Beidh Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí leabaithe sna torthaí foghlama.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích faoin dara ráithe de 2027.

Go sonrach, le forbairt na sonraíochta nua i gcomhair Ghaeilge na hArdteistiméireachta, tabharfar aghaidh orthu seo a leanas:

- An chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail agus le fís oideachas na sraithe sinsearaí.
- An chaoi a bhféadfadh an tsonraíocht a bheith ina taca le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear conas nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar, agus cur léi, sa tsraith shóisearach, san idirbhliain, agus in ábhair agus modúil eile na sraithe sinsearaí, agus amach anseo san fhoghlaim, staidéar, fiontraíocht, breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, agus saol na hoibre.
- An chaoi a gcinntíonn an réasúnaíocht do Ghaeilge na hArdteistiméireachta go mbeidh na huaillmhianta maidir leis an teanga a fhoghlaim infheicthe, follasach agus taitneamhach do scoláirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí, agus go gcothaítear níos mó rannpháirtíochta i measc na scoláirí leis an teanga i suíomhanna scoile agus i measc an phobail i gcoitinne araon.

- An chaoi a bhféadfaí an tsonraíocht tacú le réimse príomhinniúlachtaí a fhorbairt do scoláirí mar aon le forbairt réimse scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha atá ábhartha don saol, don obair agus don staidéar amach anseo.
- An chaoi a bhféadann an tsonraíocht forbairt bhreise a dhéanamh ar fhéinmhuinín na scoláirí i gcumarsáid ó bhéal agus iad a spreagadh trí rannpháirtíocht ghníomhach agus trí fhoghlaim teanga a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla.
- An chaoi a bhféadfaí an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina sainréim theanga, a bheith scoláire-lárnaithe agus béim shoiléir aici ar an gcaoi a bhforbróidh agus a léireoidh scoláirí a n-eolas, a scileanna, a luachanna agus a meonta trí fhoghlaim na Gaeilge.
- An chaoi a bhféadfadh téacsanna deiseanna foghlama fiúntacha agus ábhartha a chur ar fáil maidir le foghlaim na scoláirí, lena n-áirítear deiseanna agus/nó dúshláin a thagann chun cinn agus scoláirí ag plé le téacsanna agus samhail na treorach.
- An chaoi ar féidir an tsonraíocht a threorú agus a ailíniú le gnéithe ábhartha den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach le haghaidh Teangacha (FTCE) agus an Comhleabhar Bhreise (FTCE IB) agus an chaoi a bhféadfadh comhtháthú phunann teanga an scoláire cabhrú le rannpháirtíocht agus úinéireacht na scoláirí a chothú.
- An chaoi a n-ailíníonn an measúnú ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar agus modúl i dTráinse 4 (Aguisín 1). De ghnáth, i gcás na Gaeilge, mar a luaitear in Aguisín 1, ba cheart go mbeadh dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa amháin (cluastuiscint, ceapadóireacht agus léamhthuiscint san áireamh) agus béaltriail.
- An chaoi a bhféadfadh dearadh na sonraíochta deiseanna measúnaithe a sholáthar a thacaíonn le scoláirí mar fhoghlaimeoirí teanga agus a chuireann ar chumas scoláirí a bhfuil inniúlachtaí agus leibhéil éagsúla teanga acu dul i ngleic go fiúntach leis na comhpháirteanna measúnaithe.
- An chaoi a bhféadfadh an tsonraíocht, ina cur i láthair, tacú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh i gcomhair an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe.
- An chaoi a bhféadfaí acmhainneacht na teicneolaíochta digití agus an dul chun cinn teicneolaíochta sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a chuimsiú agus a leabú sa tsonraíocht, rud a fhágfaidh go mbeidh an teanga níos tarraingtí, níos ábhartha agus níos inrochtana do na scoláirí uile.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an treoir seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus pointí eile a chur leis an treoir.

# Tagairtí

An Phríomh-Oifig Staidrimh. Daonáireamh 2022 Próifíl 8 - An Ghaeilge agus Oideachas [ar líne] ar fáil ag https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp8/censusofpopulation2022profile8-theirishlanguageandeducation/irishlanguageandthegaeltacht/ [cuairt deiridh 24/7/2025]

Comhairle na hEorpa, (2001). An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc, Measúnú. [ar líne] ar fáil ag https://rm.coe.int/1680459f97 [cuairt deiridh 24/7/2025]

Comhairle na hEorpa (2020), An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, teagasc, measúnú – Comhleabhar. Foilsitheoireacht Chomhairle na hEorpa, Strasbourg. [ar líne] ar fáil ag www.coe.int/lang-cefr [cuairt deiridh 24/7/2025]

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2018). Plean Gníomhaíochta 2018-2022: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/action-plan-2018-2022.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Roinn Oideachais (2023). Straitéis na Roinne Oideachais 2023-2025. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/department-of-education-statement-of-strategy-2023-2025.pdf [cuairt deiridh 26/8/25]

An Roinn Oideachais (2022). Díolúintí ó Staidéar na Gaeilge: Treoirlínte do d'Iar-bhunscoileanna (scoileanna Béarla). [ar líne] ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/seirbhisi/díolúine-ó-staidéar-na-gaeilge/ [cuairt deiridh 02/09/2025]

An Roinn Oideachais (2025) Tuarascálacha cigireachta [ar líne] ar fáil ag https://www.gov.ie/en/school-reports/?roll_number=&school_title=&school_level=POST+PRIMARY&subject=Gaeilge&subject=Irish&date_from=2020-01-25&date_to= [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Roinn Oideachais (2023). Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna Béarla (T2). [ar líne] ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/getmedia/92adef9e-0b31-4c07-a1d3-e68bccdf3f7f/Specification-for-Junior-Cycle-Irish-English-medium-schools-T2-EV.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Roinn Oideachais (2023). Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna Gaeilge (T1). [ar líne] ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/getmedia/d339dabe-02a2-4db7-958d-78bd792f8702/Specification-for-Junior-Cycle-Irish-Irish-medium-schools-T1-EV.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Roinn Oideachais (2022). Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht - Soláthar Reatha agus Réamh-mheastacháin don Todhchaí. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/leargas-ar-sholathar-don-oideachas-lan-ghaeilge-lasmuigh-den-ghaeltacht-solathar-reath.pdf [cuairt deiridh 25/7/2025]

An Roinn Oideachais (2024). Preaseisiúint: Clár uasoiliúna nua do mhúinteoirí iar-bhunscoile sa Ghaeilge fógartha ag an Aire Foley. [ar líne] ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/preaseisiuinti/cl%C3%A1r-uasoili%C3%BAna-nua-do-mh%C3%BAinteoir%C3%AD-iar-bhunscoile-sa-ghaeilge-f%C3%B3gartha-ag-an-aire-foley/ [cuairt deiridh 25/7/2025]

An Roinn Oideachais (2022). Preaseisiúint: Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách. [ar líne] ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/preaseisiuinti/f%C3%B3gra%C3%ADonn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athch%C3%B3iri%C3%BA-oideachas-na-sraithe-sinseara%C3%AD-cothromas-agus-s%C3%A1rmhaitheas-do-ch%C3%A1ch/ [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Roinn Oideachais (2023). A bhfuil le hinsint ag Cigireachtaí Ábhair dúinn faoi chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí. Tuarascáil ilchodach ar thorthaí ó chigireachtaí ábhair le fócas ar an tSraith Shóisearach. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/a-bhfuil-le-hinsint-ag-cigireachtai-abhair-duinn-faoi-chur-i-bhfeidhm-na-sraithe-soise.pdf [cuairt deiridh 26/8/2025]

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007). Ciorclán 0042/2007. Athruithe ar Riar na Marcanna don Bhéaltriail Ghaeilge sna Scrúduithe Teistiméireachta. [ar líne] ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/ciorclain/athruithe-ar-riar-na-marcanna-don-bhealtriail-ghaeilge-sna-scr%C3%BAduithe-teistim%C3%A9ireachta/ [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2010). Imlitir 20/2010. Leasú ar Shiollabais Ghaeilge na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal). Cúrsa leasaithe litríochta le cur faoi scrúdú i 2012, i 2013 agus i 2014. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/7f7c26be-00202010-.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/polasai-don-oideachas-gaeltachta-2017-2022.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

Cigireacht na Roinne Oideachais (2020). Tuarascáil an Phríomhchigire Meán Fómhair 2016 - Nollaig 2020 [ar líne] ar fáil https://www.gov.ie/en/department-of-education/publications/chief-inspector-reports/ [cuairt deiridh 26/8/2025]

Rialtas na hÉireann (2010). Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/20-year-strategy-for-the-irish-language-20102030-31b63748-3912-4a7c-8664-d1c512d269d1.pdf [cuairt deiridh 25/7/2025]

Rialtas na hÉireann, (2024). Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ón mBreith go dtí an Luath-Aosacht. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/irelands-literacy-numeracy-and-digital-literacy-strategy-2024-2033-every-learner-from-.pdf [cuairt deiridh 25/7/2025]

Rialtas na hÉireann, (2024). Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ón mBreith go dtí an Luath-Aosacht - Plean Cur chun Feidhme go 2028. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/irelands-literacy-numeracy-and-digital-literacy-strategy-2024-2033-implementation-plan.pdf [cuairt deiridh 25/7/2025]

Rialtas na hÉireann, (2024). Plean Náisiúnta do Sheirbhísí Poiblí na Gaeilge 2024-2030. [ar líne] ar fáil ag https://assets.gov.ie/static/documents/f26034ec-national-plan-for-irish-language-public-services-.pdf [cuairt deiridh 19/8/2025]

Mac Gearailt & Ó Duibhir (2023). Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath na Gaeilge L1 agus L2 don tSraith Shóisearach. [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/5971/early-enactment-review-jc-irish-l1-and-l2-specifications_en_fv.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

McGarr, et al. (2023). Iniúchadh ar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha. Tuarascáil Eatramhach Uimh. 2. Ollscoil Luimnigh. Tuarascáil. [ar líne] ar fáil ag: https://doi.org/10.34961/researchrepository-ul.22656892.v1 [cuairt deiridh 24/7/2025]

McGarr, et al. (2024). Iniúchadh ar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha. Tuarascáil eatramhach Uimh. 3. (2024). Ollscoil Luimnigh. Tuarascáil. [ar líne] ar fáil ag https://doi.org/10.34961/researchrepository-ul.25460644.v1 [cuairt deiridh 24/7/2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023). Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le dréachtsonraíochtaí
T1 agus T2 Ghaeilge na hArdteistiméireachta. [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/6019/consultation_report_on_the_draft_l1_and_l2_specifications_for_leaving_certificate_irish_en_fv.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2021). Dréachtsonraíocht churaclaim le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta - Scoileanna lán-Ghaeilge (T1). [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/4931/draft-specification-gaeilge-t1-en.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2021). Dréachtsonraíocht churaclaim le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta - Scoileanna Béarla (T2). [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/4932/draft-specification-gaeilge-t2-en.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2024). Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach [ar líne] ar fáil ag: https://ncca.ie/media/mfhhagys/key-competencies-in-senior-cycle_en.pdf [cuairt deiridh 02/09/2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Sceideal le haghaidh ábhair na sraithe sinsearaí le hathfhorbairt. [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/en/senior-cycle/senior-cycle-redevelopment/schedule-of-senior-cycle-subjects-for-redevelopment/ [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022a). Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach. [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/5399/scr-advisory-report_en.pdf [cuairt deiridh 23/7/2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023). Foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i Sraith Shinsearach athfhorbartha. [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/formaid-sonraiochtai-curaclaim-i-sraith-shinsearach/ [cuairt deiridh 23/7/2025]

Nic Eoin, C. (2017). Léargas ar thaithí, ar dhearcthaí agus ar pheirspictíochtaí múinteoirí agus scoláirí i leith na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm i 2012 ar Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta. [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/3941/2012-oral-examination-insights-final-en.pdf [cuairt deiridh 24/7/2025]

Ní Dhiorbháin, A., & O'Grady, S. (2025). Staidéar agus Athbhreithniú Leantach ar Chur i bhFeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2). Tuarascáil Eatramhach: Céim a hAon. SEALBHÚ, DCU. [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/4yllw2td/staid%C3%A9ar-agus-athbhreithni%C3%BA-leantach-ar-chur-i-bhfeidhm-shonra%C3%ADochta%C3%AD-gaeilge-na-sraithe-s%C3%B3iseara%C3%AD-t1-t2.pdf [cuairt deiridh 25/7/2025]

Ní Mhaonaigh, S. (2013). Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar.

Ní Mhaonaigh, S. (2017). Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2017. Anailís ar a dTionchar. Tuarascáil Taighde 2.

Ó Curraoin, M. (2017). Tionchar na Leasuithe ar Bhéaltriail na Gaeilge ag Leibhéal na hArdteistiméireachta: Tuarascáil Taighde. [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/3939/final-ncca-research-project-english-10-may_2017.pdf [cuairt deiridh 24/7/2025]

Ó Laoire, M. (2017). Ceisteanna faoi Theagasc agus Mheasúnú na Gaeilge sa tSraith Shinsearach. Plécháipéis freagartha do dhá thuarascáil taighde de chuid an CNCM. [ar líne] ar fáil ag https://ncca.ie/media/5107/ceisteanna-faoi-theagasc-agus-mheas%C3%BAn%C3%BA-na-gaeilge-sa-tsraith-shinsearach.pdf [cuairt deiridh 24/7/2025]

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2017). Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2017: Gaeilge - Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora. [ar líne] ar fáil ag https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EN-42362015.pdf [cuairt deiridh 19/8/2025]

**An Nua-Shéalainn**

Rialtóir agus Ard-Iniúchóir (2012). *Education for Māori: Context for our proposed audit work until 2017. Part 3: Historical and current context for Māori education* [ar líne]. Ar fáil: Part 3: Historical and current context for Māori education — Office of the Auditor-General New Zealand (oag.parliament.nz) (arna rochtain an 5 Samhain 2023).

Education Counts (2023a). *Māori Language in Schooling* [ar líne]. Ar fáil: Māori language in schooling | Education Counts (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Education Counts (2023b). *Māori-medium Schools* [ar líne]. Ar fáil: Māori Medium Schools | Education Counts (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Rialtas na Nua-Shéalainne (2023). *Te Marautanga o Aotearoa Whakapākehātanga 2017: update April 2023* (creatchuraclam na Maoraise) [ar líne]. Ar fáil: Te Marautanga o Aotearoa / Kāinga - TMOA (tki.org.nz) (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Rialtas na Nua-Shéalainne (gan dáta). *Māori Education Overview* [ar líne]. Ar fáil: 4-1093092-Maori-Education-BIM-Annex-ABC.PDF (arna rochtain an 5 Samhain 2023).

Rialtas na Nua-Shéalainne (gan dáta). *Tau Mai Te Reo: The Māori Language in Education Strategy* [ar líne]. Ar fáil: Tau-Mai-Te-Reo-FINAL.pdf (education.govt.nz) (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

New Zealand Ministry of Education (2023a). *Approved Standards Reflect Skills and Competency in Te Reo Matatini, Pāngarau, Literacy, and Numeracy* [ar líne]. Ar fáil: Approved standards reflect skills and competency in te reo matatini, pāngarau, literacy, and numeracy | NCEA (education.govt.nz) (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

New Zealand Ministry of Education (2023b). *Te Reo Māori* [ar líne]. Ar fáil: Te Reo Māori | NCEA (education.govt.nz) (arna rochtain an 5 Samhain 2023).

New Zealand Ministry of Education (2023c). *The Māori Language in Education Strategy* [ar líne]. Ar fáil: Tau Mai Te Reo | The Māori Language in Education Strategy (English) – Education in New Zealand (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

New Zealand Ministry of Education (2023d). *What is Te Reo Māori About?* [ar líne]. Ar fáil: Te Reo Māori | NCEA (education.govt.nz) (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

New Zealand Ministry of Education (2022). *Sustainable Māori-medium Education* [ar líne]. Ar fáil: Te Rāngai Kāhui Ako ā-Iwi – Education in New Zealand (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

New Zealand Ministry of Education (2012). *New Zealand Curriculum Guides Senior Secondary: Te Reo Māori* [ar líne]. Ar fáil: Te reo Māori / Home - Senior Secondary (tki.org.nz) (arna rochtain an 5 Samhain 2023).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2009). *Te Reo Māori in English-medium Schools: Curriculum Guidelines* [ar líne]. Ar fáil: Curriculum guidelines / Home - Te reo Māori (tki.org.nz) (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (gan dáta). *Learning Matrix for Te Reo Māori, Levels 6-8 of the New Zealand Curriculum* [ar líne]. Ar fáil: TRM Learning Matrix.pdf (ncea-live-3-storagestack-53q-assetstorages3bucket-2o21xte0r81u.s3.amazonaws.com) (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (gan dáta). *Te Reo Māori Learning Matrix at Curriculum Levels 6, 7 and 8* [ar líne]. Ar fáil: TRM Learning Matrix - ENG_0.pdf (ncea-live-3-storagestack-53q-assetstorages3bucket-2o21xte0r81u.s3.amazonaws.com) (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte na Nua-Shéalainne (2023a). *Education and Training Act 2020* [ar líne]. Ar fáil: Education and Training Act 2020 No 38 (as at 24 August 2023), Public Act Contents – New Zealand Legislation (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte na Nua-Shéalainne (2023b). *Māori Language Act 2016* [ar líne]. Ar fáil: Te Ture mō Te Reo Māori 2016 No 17 (as at 05 April 2023), Public Act – New Zealand Legislation (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024a). *Approved Subjects for University Entrance* [ar líne]. Ar fáil: University Entrance approved subjects :: NZQA (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024b). *Cut Scores* [ar líne]. Ar fáil: Cut scores :: NZQA (arna rochtain an 6 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024c). *Guide to NCEA* [ar líne]. Ar fáil: Guide-to-NCEA-English.pdf (nzqa.govt.nz) (arna rochtain an 6 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024d). *NCEA Resources and Videos* [ar líne]. Ar fáil: NZQA resources and videos :: NZQA (arna rochtain an 6 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024e). *Te Reo Māori* [ar líne]. Ar fáil: Te Reo Māori :: NZQA (arna rochtain an 6 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024f). *Te Reo Māori Assessment Level 3 Assessment Specifications 2024* [ar líne]. Ar fáil: Tautuhinga 2024 - Level 3 Te Reo Māori (nzqa.govt.nz) (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024g). *Te Reo Māori Exemplars, Past Exams, Reports and Schedules* [ar líne]. Ar fáil: Te Reo Māori exams and exemplars :: NZQA (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024h). *University Entrance* [ar líne]. Ar fáil: University Entrance :: NZQA (arna rochtain an 6 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (2023a). *AS 91650 Annotated Exemplars* [ar líne]. Ar fáil: AS 91650 Annotated exemplars :: NZQA (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (2023b). *AS 91651 Annotated Exemplars* [ar líne]. Ar fáil: AS 91651 Annotated exemplars :: NZQA (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (2023c). *AS 91654 Annotated Exemplars* [ar líne]. Ar fáil: AS 91654 Annotated exemplars :: NZQA (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (2023d). *Level 3 Te Reo Māori 2023* [ar líne]. Ar fáil: Ko te Paearu Aromatawai » NZQA (arna rochtain an 8 Samhain 2023).

Stats NZ (2022). *Te Reo Māori Proficiency and Support Continues to Grow* [ar líne]. Ar fáil: Te reo Māori proficiency and support continues to grow | Stats NZ (arna rochtain an 19 Bealtaine 2024).

**An Bhreatain Bheag**

Children's Legal Centre Wales (2021). *Welsh or English* [ar líne]. Ar fáil: Welsh or English | Children's Legal Centre Wales (childrenslegalcentre.wales) (arna rochtain an 19 Bealtaine 2024).

Estyn (2018). *A Levels in Sixth Forms and Further Education Colleges* [ar líne]. Ar fáil: A levels in sixth forms and further education colleges (gov.wales) (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Office for National Statistics (2022). *Welsh Language, Wales: Census 2021* [ar líne]. Ar fáil: Welsh language, Wales - Office for National Statistics (ons.gov.uk) (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Open College (2022). *How Many Hours of Study is an A Level* [ar líne]. Ar fáil: How many Hours of Study is an A-Level? - Open College (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Qualifications Wales (2023). *New Made-for-Wales Decisions: Languages, Literacy and Communication*, 12 Iúil [online]. Ar fáil: Qualified for the Future (qualificationswales.org) (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Qualifications Wales (2022a). *Our Decisions in Relation to Future Welsh Language Qualifications* [ar líne]. Ar fáil: decisions_future_welsh_language_qualifications_final.pdf (qualificationswales.org) (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Qualifications Wales (2022b). *Speaking the Language of a Bilingual Nation* [ar líne]. Ar fáil: Speaking the language of a bilingual nation | Qualifications Wales (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

Qualifications Wales (2020). *Choice for All: our Strategy for Increasing the Availability of Welsh-medium Qualifications 2020-25* [ar líne]. Ar fáil: choice-for-all-our-strategy-for-increasing-the-availability-of-welsh-medium-qualifications-2020-25.pdf (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Rialtas na Ríochta Aontaithe (1993). *Welsh Language Act 1993* [ar líne]. Ar fáil: Welsh Language Act 1993 (legislation.gov.uk) (arna rochtain an 15 Eanáir 2024).

Rialtas na Breataine Bige (2024). *Initial Teacher Education (ITE) Priority Subject Incentive: Guidance for Students 2023 to 2024* [ar líne]. Ar fáil: Initial Teacher Education (ITE) Priority Subject Incentive: guidance for students 2023 to 2024 | GOV.WALES (arna rochtain an 18 Aibreán 2024).

Rialtas na Breataine Bige (2023a). *Area of Learning and Experience: Languages, Literacy and Communication. Descriptions of Learning* [ar líne]. Ar fáil: Descriptions of learning - Hwb (gov.wales) (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2023b). *Curriculum for Wales: Designing Your Curriculum. Pedagogy* [ar líne]. Ar fáil: Pedagogy - Hwb (gov.wales) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2023c). *Proposals for a Welsh Language Education Bill* [ar líne]. Ar fáil: Proposals for a Welsh Language Education Bill [HTML] | GOV.WALES (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2023d). *The Welsh in Education Teacher Retention Bursary: Guidance for applicants* [ar líne]. Ar fáil: The Welsh in Education Teacher Retention Bursary: guidance for applicants [HTML] | GOV.WALES (arna rochtain an 18 Aibreán 2024).

Rialtas na Breataine Bige (2023e). *Welsh-medium Education Workforce Capacity Building Grant 2023 to 2024: Expression of Interest* [ar líne]. Ar fáil: Welsh-medium education workforce capacity building grant 2023 to 2024: expression of interest | GOV.WALES (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

Rialtas na Breataine Bige (2022a). *Area of Learning and Experience: Languages, Literacy and Communication. Designing Your Curriculum* [ar líne]. Ar fáil: Languages, Literacy and Communication: Designing your curriculum - Hwb (gov.wales) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2022b). *Area of Learning and Experience: Languages, Literacy and Communication. Principles of Progression* [ar líne]. Ar fáil: Languages, Literacy and Communication: Principles of progression - Hwb (gov.wales) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2022c). *Area of Learning and Experience: Languages, Literacy and Communication. Statements of What Matters* [ar líne]. Ar fáil: Languages, Literacy and

Communication: Statements of what matters - Hwb (gov.wales) (arna rochtain an 5 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2022d). *Curriculum for Wales: Designing Your Curriculum. Principles for Designing Your Curriculum* [ar líne]. Ar fáil: Principles for designing your curriculum - Hwb (gov.wales) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2022e). *Welsh in Education Workforce Plan* [ar líne]. Ar fáil: welsh-in-education-workforce-plan.pdf (gov.wales) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2021). *Area of Learning and Experience: Languages, Literacy and Communication. Introduction* [ar líne]. Ar fáil: Languages, Literacy and Communication: Introduction - Hwb (gov.wales) (arna rochtain an 5 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2020). *Language Competency Framework for Education Practitioners* [ar líne]. Ar fáil: WG41488 (gov.wales) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

Rialtas na Breataine Bige (2017). *Cymraeg 2050: a Million Welsh Speakers* [ar líne]. Ar fáil: Cymraeg 2050: A million Welsh speakers (gov.wales) (arna rochtain an 2 Samhain 2023).

WJEC (2024). *WJEC Online Exam Review Website* [ar líne]. Ar fáil: Home Page WJEC OER Website (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

WJEC (2023a). *GCSE Core Cymraeg Qualification Outline: Consultation Version* [ar líne]. Ar fáil: gcse-core-cymraeg-qualification-outline-consultation-version-e.pdf (wjec.co.uk) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

WJEC (2023b). *GCSE Cymraeg Language and Literature Qualification Outline (Single Award and Double Award): Consultation Version* [ar líne]. Ar fáil: gcse-cymraeg-language-and-literature-qualification-outline-consultation-version-e.pdf (wjec.co.uk) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).
WJEC (2023c). *GCSE Welsh Language Specification* [ar líne]. Ar fáil: GCSE Welsh Language (wjec.co.uk) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

WJEC (2023d). *GCSE Welsh Literature Specification* [ar líne]. Ar fáil: GCSE Welsh Literature (wjec.co.uk) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

WJEC (2023e). *Have Your Say: Made for Wales GCSEs and Related Qualifications* [ar líne]. Ar fáil: Have your say: Made for Wales GCSEs and related qualifications | WJEC (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

WJEC (2023f). *Level 2 Award in Additional Core Cymraeg Qualification Outline: Consultation Version* [ar líne]. Ar fáil: level-2-award-additional-core-cymraeg-qualification-outline-consultation-version-e.pdf (wjec.co.uk) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

WJEC (2022). *WJEC GCE AS/A Level in Welsh (First Language)* [ar líne]. Ar fáil: wjec-gce-welsh-first-language-spec-from-2015-e-09-2022.pdf (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

WJEC (2021). *GCSE Welsh Second Language Specification* [ar líne]. Ar fáil: GCSE Welsh Second Language (wjec.co.uk) (arna rochtain an 6 Samhain 2023).

WJEC (2019). *WJEC GCE AS/A Level in Welsh (Second Language)* [ar líne]. Ar líne: wjec-gce-welsh-second-language-spec-from-2016-e-1.pdf (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

WJEC (gan dáta). *Made for Wales GCSEs and Related Qualifications: Overview of Consultation Findings* [ar líne]. Ar fáil: overview-of-consultation-findings-e.pdf (wjec.co.uk) (arna rochtain an 9 Aibreán 2024).

# Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha le haghaidh ceapadh socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 4.

## 1. Cúlra

- D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú an 20 Meán Fómhair 2023 maidir leis an gcur chuige atá le glacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear conas a thabharfaí aghaidh ar mheasúnú sna sonraíochtaí sin. I bhfocail shonracha, léirigh an fógra an méid a leanas:
    - Beidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ag gach ábhar i dteannta an scrúdaithe scríofa deiridh.
    - Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an chomhpháirt mheasúnaithe (CMB) sin.
    - Beidh aon scrúdú scríofa amháin ag gach ábhar; beidh 60% de na marcanna ag gabháil leis an scrúdú scríofa de ghnáth.
    - Go tipiciúil, ba cheart dhá chomhpháirt mheasúnaithe a bheith ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile (CMB).
- Is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tar éis an t-ualach measúnaithe foriomlán ar scoláirí a mheas go fada fairsing. Mar sin féin, bheadh eisceacht den sórt sin bunaithe ar fhianaise láidir shoiléir go bhfuil an dara CMB nó an dara scrúdpháipéar sa scrúdú deiridh riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire, rud nach féidir a bhaint amach trí CMB amháin agus scrúdpháipéar scríofa amháin.

## 2. Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa cháipéis seo ar na socruithe agus paraiméadair mheasúnaithe uileghabhálacha a threoraíonn ceapadh na sonraíochtaí le haghaidh gach ábhair i dTráinse 4, ina measc:

- Ealaín
- Eacnamaíocht
- Fraincis
- Gaeilge
- Gearmáinis
- Iodáilis
- An Pholaitíocht agus an tSochaí
- Spáinnis
- Teicneolaíocht.

Cuirtear bonn eolais faoin gcomhairle sin leis an obair leanúnach leis na hábhair i dTráinse 2 agus 3 agus leasófar í, de réir mar is cuí, i gcás tráinsí amach anseo lena bhféadfar a réimsí ábhair agus na socruithe measúnaithe atá ann faoi láthair a chur san áireamh.

Is léiriú ar an treo beartais a d'eisigh an tAire Oideachais iad na socruithe atá leagtha amach anseo: go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ann le haghaidh gach ábhair, go mbeidh sí i bhfoirm nach scrúdú scríofa traidisiúnta í, go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na comhpháirteanna sin a leagan amach agus a mheasúnú, agus ar an gcaoi sin go mbeidh béim níos lú ar scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh sa 6ú bliain.

Go sonrach, tá na socruithe do na comhpháirteanna measúnaithe uile ar a dtugtar breac-chuntas sa cháipéis seo leagtha amach ar bhonn na bhfógraí ón Aire an 29 Márta 2022, agus ina dhiaidh sin an 20 Meán Fómhair 2023. Agus na tuiscintí seo a leanas mar bhonn taca leis na comhpháirteanna measúnaithe:

- ní bheidh siad i bhfoirm scrúduithe scríofa traidisiúnta
- is é CSS a leagfaidh amach iad agus a mharcálfaidh iad
- beidh siad faoi réir shocruithe CSS chun iad a chur i gcrích, a dheimhniú agus a chur isteach.

Agus na socruithe ar a dtugtar breac-chuntas thíos á bhforbairt, is amhlaidh atá an bunús seo a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe eile, thar scrúduithe scríofa, a bheith ag na hábhair uile. Cuirtear bonn eolais faoin mbunús sin le plé ar thaighde atá coimisiúnaithe ag CNCM agus CSS, agus ar an litríocht mheasúnaithe go ginearálta.  Ón obair seo, is léir go bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh leis na comhpháirteanna sin:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin foráil a dhéanamh do **chóras measúnaithe níos leithne**; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir a mheas gur 'léargas' ar fhoghlaim atá iontu agus go bhféadfaí an iomad béime a chur ar ullmhú do scrúduithe sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh; le foirmeacha eile measúnaithe is féidir an fhéidearthacht chun an cúngú sin ar fhoghlaim a mhaolú trí ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus/nó níos cuimsithí ná mar is féidir a dhéanamh le scrúduithe scríofa iontu féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil inmheasúnaithe go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun go bhforbróidh a dtuiscint agus a measúnú ar **phríomhinniúlachtaí** trí bheith ag cur le tuiscint níos fearr faoin gcaoi le heolas, scileanna, luacha agus meonta a mheasúnú.
- Deiseanna a chur ar fáil do scoláirí agus do mhúinteoirí chun **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí**, borradh a chur faoi spreagadh foghlama na scoláirí agus deiseanna maidir le cleachtais aiseolais fhoirmithigh a fheabhsú.
- Raon agus ilchineálacht na ndeiseanna measúnaithe a shíneadh; lena n-áirítear **an t-ualach measúnaithe a scaipeadh** i gcaitheamh an dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach agus dá réir sin cabhrú leis an mbrú a bhíonn ar scoláirí a laghdú nó a leathadh.
- **Scileanna agus inniúlacht mheasúnaithe na múinteoirí** a chothú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn múinteoirí le scoláirí agus iad ag obair trí na gníomhaíochtaí measúnaithe a shonraítear i dtreoracha measúnaithe nó treoirlínte.
- Sonraí measúnaithe scoláirí a ghiniúint lenar féidir leochaileacht an chórais a laghdú i leith suaitheadh amach anseo ar an gcóras nach bhfacthas riamh cheana nó nach raibh coinne leis amhail COVID.
- Foráil a dhéanamh maidir le deiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas a bhraitheann ar scrúduithe scríofa deiridh agus sin amháin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go léirítear freisin le hathbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe ar bhealach níos ginearálta, nuair a thabharfar isteach comhpháirteanna measúnaithe eile nach mór breithniú ar conas rioscaí a mhaolú, mar shampla:

- rómheasúnú ar scoláirí
- róchleachtadh ar mheasúnuithe
- measúnuithe ina bhfuil an iomarca struchtúir, ranna, athdhéanta agus gnáthaimh.

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socruithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Ina theannta sin, ar leibhéal na gclár uile (.i. agus na hábhair agus na modúil uile a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna á gcur san áireamh), is gá aird a thabhairt ar an ualach measúnaithe iomlán a bhíonn ar scoláirí go príomha, agus ar scoileanna ar bhonn níos ginearálta freisin. Cé gur féidir a bheith ag súil leis go bhféadfadh SDGanna díriú ar an gcur chuige chun measúnú a dhéanamh ina n-ábhar féin ar dtús, moltar dóibh a bheith airdeallach ar an ualach measúnaithe foriomlán ar fud na n-ábhar agus na modúl uile. Ar na breithnithe sin ar leibhéal na gclár uile, áireofar freisin na modhanna measúnaithe a bhíonn in úsáid. Mar a luaitear thuas, is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an bpróiseas le haghaidh na gcásanna sin.

### 3. Próiseas

Leagtar amach sa chuid seo an próiseas trína ndéanfar breithniú agus cinneadh ar athrú ar na paraiméadair a shainítear sa cháipéis seo; mar shampla, CMB breise nó an dara scrúdú scríofa deiridh.

1. Tar éis do SDG cuid mhór plé a dhéanamh agus tar éis réimse roghanna a fhiosrú le haghaidh CMB oiriúnach aonair/scrúdú scríofa aonair don ábhar, gineann Feidhmeannas CNCM nóta scríofa ina leagtar amach an cás láidir, soiléir atá á dhéanamh ag an Meitheal Forbartha.
2. Aontaíonn an Mheitheal Forbartha Ábhair an cás scríofa agus cuireann siad a n-ainmneacha leis.
3. Pléitear an cás scríofa leis an mBord don tSraith Shinsearach.
4. Pléitear an cás scríofa leis an gComhairle. De bhun an phlé sin, cinneann an Chomhairle cé acu is ceart nó nach ceart an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn.

   a) Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle nach bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, iarrann an Chomhairle ar an Meitheal Forbartha oibriú ar bhonn na bparaiméadar arna leagan amach sa cháipéis seo a bhaineann leis an ábhar i gceist.

   NÓ

   b) Tar éis di breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle go bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, aontaíonn an Chomhairle an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais.
5. I gcás 4b, seoltar an cás scríofa chuig Oifig Bainistíochta an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRPMO) sa Roinn Oideachais lena bhreithniú agus le haghaidh freagartha.
6. Féadfaidh an Roinn an Grúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRIG) a thionól chun tacú lena breithniú ar an iarraidh ar athrú. Is struchtúr atá á threorú ag an

Roinn é SCRIG a bunaíodh chun maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar do chomhordú na hoibre ar fud na bpríomhghníomhaireachtaí/na bpríomheagraíochtaí a rannchuidíonn le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ar a chomhaltaí áirítear oifigigh shinsearacha ón Roinn (an Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht, an Chigireacht, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí [FGM]), CNCM, CSS agus Oide.

7. Cinneann an Roinn tacaíocht a thabhairt nó diúltú don iarraidh ar athrú a lorgaíodh, agus cuireann sí a cinneadh in iúl i scríbhinn do CNCM in am trátha.
8. Déanann an Mheitheal Forbartha Ábhair dul chun cinn maidir lena cuid oibre i gcomhréir le freagra na Comhairle (a eascraíonn as 4a) nó freagra na Roinne (a eascraíonn as 4b agus 7).

**4. Amlínte**

Beidh am ag teastáil don phróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas. Maidir leis an am sin, dá mbeadh roinnt seachtainí i gceist, d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige ar an amlíne le haghaidh céimeanna sonracha d'obair ar shonraíocht an ábhair agus/nó cur i gcrích foriomlán na sonraíochta sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn lena breithniú í. Is féidir go bhfágfaidh an toisc ama sin gur gá do CNCM cruinnithe breise den Mheitheal Forbartha Ábhair, den Bhord don tSraith Shinsearach agus den Chomhairle a eagrú ar líne chun a chinntiú go gcomhlíonfar an obair forbartha laistigh de na hamlínte foriomlána.

Leagtar amach i dTábla 1 thíos na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair (SDGanna) a threorú de réir mar a dhéanann siad an measúnú is iomchuí do gach ábhar a mheas. Leagtar amach i dTábla 2 na paraiméadair shonracha do gach ceann de na hábhair i dTráinse 4.

**Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair thráinse 4**

| Údair Mhachnaimh | Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú. |
|---|---|
| **Cineál** | Leagfar amach cuspóir agus nádúr na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus sna treoirlínte a théann léi chun tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Cuirfear mionsonraí ar fáil maidir le cineál na comhpháirte. Ar na samplaí atá ann tá:<br>• tionscadal taighde/aiste fhada<br>• measúnú ó bhéal<br>• measúnú feidhmíochta<br>• measúnú punainne<br>• déantán a chruthú<br>• staidéar allamuigh<br>• turgnamh/ cruthúnas ar choincheap/ iniúchadh praiticiúil.<br><br>Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir an méid a éilítear ar scoláirí a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Soláthrófar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le sraith torthaí foghlama ó shonraíocht an ábhair, chomh maith le mionsonraí faoi na príomhinniúlachtaí agus na torthaí foghlama bainteacha |

| | |
|---|---|
| | atá le measúnú. Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh. |
| **Ualú** | Bronnfar 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil ar an gcomhpháirt mheasúnaithe i ngach ábhar. |
| **Am** | Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse a bhfuil gá léi chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh i gcaitheamh an staidéir. |
| **Cur i gCrích agus Cur Isteach** | Cé gur féidir le SDG an uair a d'fhéadfadh sin tarlú a mholadh (mar ar tagraíodh dó thuas ag féachaint don ualach measúnaithe ar scoláirí go háirithe), déanfaidh CSS cinneadh deiridh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúnuithe uile ar fud na n-ábhar uile. Tabharfaidh CSS an méid sin chun críche tar éis dó dul i mbun plé le CNCM agus an Roinn Oideachais.<br><br>Foilseoidh CSS na dátaí deiridh faoina mbeidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú agus/nó le cur isteach ag an scoláire agus ní bheidh na dátaí sin sa tsonraíocht ábhair. |
| **Dearadh** | Is éard a bheidh mar thoradh ar fhormhór na gcomhpháirteanna measúnaithe mír chríochnaithe a bhfuil difríocht bhunúsach idir í agus scrúdú scríofa traidisiúnta agus ina ndéantar tástáil ar inniúlachtaí difriúla a bheith á dtarchur chuig CSS agus á meas ag CSS.<br><br>I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú. |
| **Treoir** | Beidh treoirlínte a thacóidh le comhpháirteanna measúnaithe sonrach do gach ábhar. Forbróidh an CNCM agus an CSS na treoirlínte sin i gcomhar le chéile. Déanfaidh machnamh an SDG agus iad i mbun oibre ar fhorbairt na sonraíochta eolas dóibh agus beidh na mionsonraí a leanas san áireamh:<br>• cuspóir na comhpháirte lena mbaineann, .i., cad é atá beartaithe a mheasúnú léi.<br>• an cineál comhpháirte/gníomhaíochta measúnaithe atá i gceist.<br>• tuairisceoirí ar cháilíocht i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeáin mheasúnaithe ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal má mheastar gur gá de réir an mhodha measúnaithe.<br>• mionsonraí maidir le huainiú an mheasúnaithe (a fhad agus cathain a d'fhéadfadh sé tarlú).<br>• treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar. |

**Tábla 2: Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe do gach ábhar i dTráinse 4**

| Ábhar | Na socruithe reatha | Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe nua |
|---|---|---|
| **Ealaín** | *Obair chúrsa phraiticiúil:* 50% (curtha i gcrích thar 12 sheachtain); I mí na | An scrúdú scríofa: ualú 30% ar an laghad. |

| | | |
|---|---|---|
| | Nollag de Bhliain 6, eisíonn CSS leabhar sceitseála agus treoir le 3 théama agus roghnaíonn na scoláirí ceann amháin acu. Ní mór dóibh 2 dhéantúsán a chruthú in 2 réimse cleachtais ar leith. Cuirtear déantúsán amháin i gcrích le linn na tréimhse seo agus ní mór dóibh dul i mbun pleanála do tháirgeadh an dara déantúsán sa scrúdú praiticiúil.<br><br>*Scrúdú Praiticiúil:* 20% (5 uair an chloig); scrúdú ar a ndéantar feitheoireacht. Déantar é 10 lá tar éis chur i gcrích na hoibre cúrsa praiticiúla (thuas). Dírítear ar chur i gcrích an dara déantúsán. Tá an phleanáil don mheasúnú seo san áireamh sa leabhar sceitseála.<br><br>Tugann CSS cuairt ar an scoil le measúnú a dhéanamh ar an dá dhéantúsán agus ar an leabhar sceitseála.<br><br>*Scrúdú scríofa:* 30% (2.5 uair an chloig) | An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 60% ar a laghad mar fhreagairt ar threoir arna heisiúint ag CSS.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Eacnamaíocht** | Maireann an scrúdú scríofa 2.5 uair an chloig do scoláirí ardleibhéil agus gnáthleibhéil agus bronntar 400 den 500 marc atá ar fáil (80%) air.<br><br>Tionscadal taighde scoláire aonair atá san obair chúrsa, rud a dhéantar mar fhreagairt ar threoir chomhchoiteann ó CSS agus is fiú 100 marc é (20%). Tá sé bunaithe ar thorthaí foghlama na sonraíochta. Déantar an obair chúrsa agus an obair phraiticiúil a ghrádú i gcomhréir leis na caighdeáin a bhaineann leis an leibhéal ag a ndéanann an t-iarrthóir an scrúdú scríofa. | Scrúdú scríofa: ualú 60%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 40%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |
| **Fraincis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |

| | | |
|---|---|---|
| | linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Téacs ainmnithe ar bith.<br><br>Dírítear an bhéaltriail ar chomhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais agus d'fhéadfadh saothar litríochta nó tionscadal ar oibrigh an scoláire air a bheith san áireamh léi. | |
| **Gaeilge** | **Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**<br><br>Scrúdú scríofa le 2 pháipéar:<br><br>Páipéar 1: AL 2 uair; GL 1 uair 50 nóim. (160 marc)<br>Cluastuiscint (60 marc)<br>Cumadóireacht (100 marc)<br><br>Páipéar 2: AL 3 uair 5 nóim.; GL 2 uair 20 nóim. (200 marc)<br>Léamhthuiscint (AL agus GL: 100 nóim.)<br>Prós (AL 30 nóim.; GL 50 nóim.)<br>Filíocht (AL 30 nóim.; GL 50 nóim.)<br>Litríocht Bhreise (AL 40 nóim.)<br><br>Béaltriail: 240 marc<br><br>Le haghaidh AL agus GL:<br><br>▪ Réamhrá: 5m<br>▪ Léamh Filíochta: 35m<br>▪ Comhrá: 120m<br>▪ Sraith pictiúr: 80m<br><br>**Bonnleibhéal**<br><br>Páipéar scríofa amháin: 2 uair 20 nóim. (360 marc)<br><br>Cluastuiscint (120 nóim.)<br>Léamhthuiscint (150 nóim.)<br>Scríbhneoireacht (90 nóim.)<br><br>Béaltriail: (240 marc)<br><br>Tá seo roinnte ina 4 bhloc mar a leanas: | Scrúdú scríofa (lena n-áirítear cluastuiscint, cumadóireacht agus tuiscint); ualú 50% ar a laghad<br><br>Béaltriail: ualú 40% ar a laghad |

| | | |
|---|---|---|
| | Bloc 1: Teaghlach agus Baile<br>Bloc 2: Cúrsaí Scoile<br>Bloc 3: Caithimh aimsire<br>Bloc 4: Laethanta saoire, am, aimsir agus obair. | |
| **Gearmáinis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Téacs ainmnithe ar bith.<br><br>Tá 3 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais<br>B: Plé ar thionscadal nó ar shraith pictiúr<br>C: Cás rólimeartha | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Iodáilis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe.<br><br>Tá 3 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |

| | | |
|---|---|---|
| | B: Cás rólimeartha<br>C: Sraith pictiúr | |
| **An Pholaitíocht agus an tSochaí** | Is fiú 80% de na marcanna iomlána atá ar fáil an scrúdú scríofa, agus maireann an scrúdú 2 uair an chloig agus 30 nóiméad ar fad.<br><br>Tuarascáil saoránachta atá i gceist leis an obair chúrsa agus sanntar an 20% atá fágtha di. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |
| **Spáinnis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe.<br><br>Tá 2 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais le rogha saothar litríochta a phlé<br>B: Cás rólimeartha | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Teicneolaíocht** | Is ionann an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%).<br>Maireann scrúdú scríofa an ardleibhéil 2.5 uair an chloig agus maireann scrúdú scríofa an ghnáthleibhéil 2 uair an chloig.<br><br>Is ionann an obair chúrsa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%).<br>Tá an obair chúrsa difriúil agus treoracha ar leith socraithe le haghaidh an ardleibhéil agus an ghnáthleibhéil. | Scrúdú scríofa: ualú 50%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 50%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |

| | | |
|---|---|---|
| | Eisítear na treoracha thart ar an 1 Deireadh Fómhair (Bliain 6) lena gcur i gcrích timpeall an 30 Márta. | |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment